

# Ráiteas Straitéise 2005-2007






# Clár

	Leathanach
<b>Brollach</b>	<b>3</b>
<b>1. Réamhrá</b>	<b>4</b>
<b>2. Misean, Fís agus Sainordú</b>	<b>5</b>
2.1 Ráitis Misin	5
2.2 Fís	5
2.3 Sainordú	6
<b>3. Clár Seachtrach</b>	<b>7</b>
3.1 Creatlach Polasáí	7
3.2 Creatlach Náisiúnta	8
3.3 Comhthéacs Inmheánach	9
3.4 Dul i ngleic le Dúshláin	10
3.5 Clár Nua Taighde Teagasc	11
3.6 Clár Nua do Sheirbhís Chomhairleach Teagasc	12
3.7 Clár Nua Oideachais agus Oiliúna Teagasc	13
<b>4. Timpeallacht Inmheánach</b>	<b>15</b>
4.1 Seirbhísí Teagasc	15
4.2 Bonneagar Fisiceach	15
4.3 Acmhainní Foirne	16
4.4 Bainistíocht Teagasc	16
4.5 Bainistíocht Acmhainní Daonna	18
4.6 Bainistíocht Airgeadais	18
4.7 Teicneolaíocht Eolais agus Chumarsáide agus ríomh-Rialtais	19
4.8 Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí	19
4.9 Meastóireacht Ghníomhaíochta	19
4.10 Oiliúint agus Forbairt Foirne	20
4.11 Bainistíocht Mhaoine Intleachtúla	20
4.12 Ceangaltais Nua Shaothraithe	21
<b>5. Spriocanna agus Straitéisí</b>	<b>22</b>
5.1 Iomaíochas agus Nuálaíocht Talmhaíochta	23
5.2 Iomaíochas, Nuálaíocht, Sábháilteacht agus Cáilíocht Bhia	29
5.3 Córais Inbhuanaithe Talmhaíochta	31
5.4 Inmharthanacht Tuaithe	34
5.5 Cumas Oibriúcháin agus Nuachóirithe	36
<b>6. Nascachtaí Tábhachtacha</b>	<b>40</b>
6.1 Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais	40
6.2 An tAontas Eorpach	40
6.3 Nascachtaí Idirnáisiúnta Eile	40
6.4 Institiúidí Ardoideachais in Éirinn	41
6.5 Comhlachtaí Ionadaíochta Tionscail	41
6.6 Comhchláir le Lucht Tionscail	41
6.7 Gníomhaireachtaí Forbartha Áitiúla	41
6.8 Nascachtaí Thuaidh-Theas	42
<b>7. Cur i bhFeidhm, Monatóireacht agus Tuairisciú</b>	<b>43</b>
<b>8. Aguisín 1.</b>	<b>45</b>
Léarscáil d'Ionaid Teagasc	

# Ráiteas Misin

Bonn neamhspleách údarasach taighdeolais, mar aon le seirbhísí aistrithe teicneolaíochta agus oiliúna, a chur ar fáil i dtaca le forbairt inbhuanaithe an tionscal talmhaíochta agus próiseála bia, ionas go mbeidh an tionscal sin in ann freagairt go tairbheach d'éilimh agus do riachtanais tomhaltóirí agus freastal a dhéanamh ar shochaí agus ar eacnamaíocht bheo na tuaithe.

## Brollach



Tom O'Dwyer  
Cathaoirleach

Is cúis áthais dom é seo, an tríú Ráiteas Straitéise de chuid Teagasc, a thugann cur síos ar ár gcuid spriocanna, ar ár gcuid straitéisí agus ar ár gcuid gníomhartha don tréimhse 2005-2007, a chur os bhur gcomhair.

Ba de thoradh mionchainteanna agus dianchomhairliúcháin taobh istigh de Teagasc a tháinig an Ráiteas Straitéise seo chun cinn. Chomh maith leis sin bhí ionchur ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia, ag comhlachtaí stáit agus ag páirtithe leasmhara eile sa ráiteas seo. Maidir le comhairliúchán inmheánach, is cúis áthais dom a bheith in ann a rá go raibh ról suntasach ag an gCoiste Náisiúnta Comhpháirtíochta i gcur chun críche na cáipéise. Gabhaim

buíochas leis na baill foirne. leis na heagraíochtaí seachtracha agus leis na daoine eile go léir a ghlac páirt san obair.

Le linn tréimhse an ráitis dheireanaigh, rinneadh atheagar agus cuíchóiriú inmheánach ar Teagasc agus aistríodh an Phríomh-Oifig ó Bhaile Átha Cliath go Ceatharlach. Le linn tréimhse an ráitis seo, cuirfead leis na leasuithe a bhain leis an tréimhse roimhe seo chun cláir ardhaighdeáin nuálaíoch a chur ar fáil dár gcuid custaiméirí.

Le linn tréimhse an Ráitis seo beidh ar thionscal an talamhbhia dul i ngleic le dúshlán nua agus dul i dtaithí ar an tsaoirse a tugadh dó de thoradh na n-athruithe a rinneadh le déanaí. Mar chuid den chreatlach ginearálta polasaithe, ní mór talmhaíocht idirnáisiúnta iomaíoch ilfheidhmeach a fhorbairt, sa chaoi go ndéanfar táirgí bia agus earraí agus seirbhísí comhshaoil a chur ar fáil don mhargadh, mar aon le héagsúlú an gheilleagar tuaithe agus le caomhnú agus le bainistíocht tírdhreach na tuaithe. Beidh an tionscal in ann maireachtáil agus dul chun cinn sa chomhthéacs nua seo trí chur leis an mbuntáiste eolasbhunaithe atá aige; agus beidh sé den riachtanas tacaíocht phobail do R&D, d'oidreachas, d'oiliúint agus d'fhorleathnú a bheith aige.

Leagann an Ráiteas seo béim arís ar an dlúth-chomhoibriú idir Teagasc agus réimse comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá Teagasc tiomanta do bheith ag dlúth-chomhoibriú leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia, le Ranna Rialtais eile, le heochairinstitiúidí taighde agus oiliúna ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le gach earnáil de chuid tionscal an talamhbhia in Éirinn. Ar an gcaoi seo, leanfaidh Teagasc air ag cinntiú go mbeidh an tionscal in ann buntáiste a bhaint as na deiseanna nua atá ag teacht chun cinn i láthair na huaire.

# 1. Réamhrá



Jim Flanagan  
Stiúrthóir

Is é seo an tríú Ráiteas Straitéise ó Teagasc. Leagann sé amach ár gcuid spriocanna agus ár gcuid straitéisí d'fhorbairt na talmhaíochta agus an talamhbhia go ceann trí bliana. Ní mór an ráiteas leasaithe a chur ar fáil de réir an Achta um Bainistíocht Seirbhísí Poiblí 1997, de thoradh nuashonraithe a rinne an Roinn Talmhaíochta agus Bia ar a Ráiteas nuair a ceapadh Aire nua.

Cuirtear san áireamh sa nua na hathruithe a rinneadh i Ráiteas Straitéis an Roinn Talmhaíochta agus Bia. Chomh maith leis sin cuirtear san áireamh athruithe i margadh bia tomhaltóirí, i dtimpeallacht an talamhbhia agus sa bhéim mhéadaitheach atá á leagan ar ról na talmhaíochta i dtairgeadh earraí pobail a mbíonn gnéithe tírdhreacha agus oidhreachta ag baint leo – bithéagsúlacht agus gnáthóga fiadhúlra ina measc.

Is comhpháirt thábhachtach de chuid geilleagar na hÉireann é tionscal an talamhbhia agus beidh a chumas iomaíochta amach anseo ag brath ar a chumas forbartha mar thionscal eolasbhunaithe. Is tosaíochtaí tábhachtacha iad seirbhísí taighde, comhairliúcháin, oideachais agus oiliúna Teagasc chun a chumas iomaíochta a bhaint amach.

Tá an Ráiteas seo bunaithe ar fhís Teagasc i dtaca le riachtanais eolais tionscal an talamhbhia, lena shainordú agus leis an gcaoi is fearr ar féidir a chuid seirbhísí a chur ar fáil leis na hacmhainní atá ar fáil. Forbraíodh an Ráiteas trí chomhairliúchán agus ionchur foirne ar gach leibhéal agus tugtar aitheantas ann don ghá le solúbthacht foirne chun freagairt chuí a dhéanamh d'éileamh ar sheirbhísí.

Tá sé d'aidhm ag Teagasc acmhainní daonna agus fisiceacha na heagraíochta a fhorbairt ionas go mbeimid in ann freastal ar ár gcuid ceangaltas do sheirbhísí ardchaighdeáin faoin gCáirt Chustaiméirí agus do spriocanna an Rialtais i dtaca le nuachóiriú seirbhísí poiblí.

# 2. Misean, Fís agus Sainordú

## 2.1 Ráiteas Misin

Is é seo ár Misean:

Bonn neamhspleách údarasach taighdeolais, mar aon le seirbhísí aistrithe teicneolaíochta agus oiliúna, a chur ar fáil i dtaca le forbairt inbhuanaithe an tionscal talmhaíochta agus próiseála bia, ionas go mbeidh an tionscal sin in ann freagairt go tairbheach d'éilimh agus do riachtanais tomhaltóirí agus freastal a dhéanamh ar shochaí agus ar eacnamaíocht bheo na tuaithe.

Aithníonn polasaí rialtais gurb í tacaíocht eolasbhunaithe an ghné is tábhachtaí chun cumas iomaíochta na hÉireann a chothabháil i ngach earnáil den gheilleagar, tionscail na talmhaíochta agus an bhia san áireamh. Chuige sin leagfar béim mhéadaithe ar thacaíocht phobail a chur ar fáil i gcúrsaí oideachais, oiliúna, taighde agus forbartha chun buntáiste comparáideach na hÉireann ar mhargaí domhanda a chinntiú. Anuas air sin, déanfar dul chun cinn trí buntáiste comparáideach eolasbhunaithe tionscal an talamhbhia.

Tá áit cheannaireachta ag Teagasc, an soláthóir is mó seirbhísí eolasbhunaithe d'earnáil an talamhbhia, i bhforbairt an tionscail, i ngeall ar an gclú eolaíoch agus ar an neamhchlaontacht a bhaineann leis. Mar chuid den fhís náisiúnta i dtaca le cultúr nuálaíoch a chruthú, beidh sé d'aidmh ag an eagraíocht, cur lena hábaltacht agus lena fheidhmiúchán féin, mar bhonn chun cumas teicneolaíoch ionsúiteach an tionscail a dhéanamh níos láidre.

## 2.2 Fís

De réir fís Choiste Fís-Thalmhaíoch 2015, tá sé d'fhís againn tionscal an talamhbhia a bheith ina shainchuid den gheilleagar eolasbhunaithe, faoi mar atá:

- Iomaíoch i ngach gné agus in ann táirgí sábháilte ardchaighdeáin a chur ar fáil de réir mar a bhíonn siad de dhíth ar thomhaltóirí.
- Nuálaíoch ar bhonn leanúnach chun freastal ar éilimh thomhaltóirí i dtaca le héagsúlacht, le caighdeán agus le sábháilteacht táirgí bia agus chun freagairt don éileamh ar 'bhianna sláintiúla' atá ag dul i méid.
- Ag leagan béime leanúnaí ar sholáthar aschuir earraí poiblí, mar thírdhreach tuaithe, ghnéithe cultúir agus oidhreachta, bhithéagsúlacht, shlogaidí carbóin agus ghnáthóga fiadhúlra.
- Tionchar tábhachtach ar shaol agus ar inmarthanach tcheantair thuaithe.

## 2.3 Sainordú

Is é Teagasc, a bunaíodh faoin Acht Talmhaíochta 1988 (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), an ghníomhaireacht stáit a bhfuil sé de chúram uirthi taighde agus seirbhísí comhairliúcháin, oideachais agus oiliúna a chur ar fáil i dtaca le:

- Táirgeadh talmhaíochta, gairneoireacht agus foraoiseacht san áireamh.
- Feoil agus táirgí beostoic, bainne agus táirgí déiríochta, circeoil agus táirgí uibhe, éisc agus táirgí éisc, gairneoireacht agus táirgí plandaí a sholáthar agus a phróiseáil.
- Bainistíocht feirme. eacnamaíocht talmhaíochta, forbairt tuaithe, margaíocht táirgí talmhaíochta agus gníomhaíochtaí nó eolaíochtaí ar bith eile a chuireann le héifeachtúlacht nó le scóip na talmhaíochta.

I ngeall ar an sainordú seo, bíonn sé de chúram ar Teagasc freastal ar riachtanais teicneolaíochta an bhiashlabhra ar fad 'ó fhorc go feirm' agus bíonn sé de scóip aige seirbhísí taighde, comhairliúcháin, oiliúna agus oideachais a chomhtháthú ina bpacáistí éagsúla seirbhísí do chustaiméirí.

Is é an Ráiteas Straitéise plean straitéiseach na heagraíochta chun a shainordú a chur i ngníomh. Cuirtear na cáipéisí/tuarascálacha móra seo a leanas san áireamh sa Ráiteas nua:

- *Tuarascáil Choiste Fís-Thalmhaíoch 2015*. An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Baile Átha Cliath 2004.
- *Forbairt Gheilleagar Eolais na hÉireann: Plean Gníomhaíochta na hÉireann i dtaca le Cur Chun Cinn Infheistíochta i R&D go dtí 2010*. Tuarascáil chuig an gCoiste Idir-Roinne ar Eolaíocht, Theiceolaíocht agus Nuálaíocht. Forfás, Baile Átha Cliath, 2004.
- *Ráiteas Straitéise an Roinn Talmhaíochta agus Bia 2005-2007*. An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Baile Átha Cliath, 2005.
- *Éire: Plean Forbartha Náisiúnta 2000-2006*. An Oifig Páipéarachais, Baile Átha Cliath, 2001.
- *Ag Cothú Dul Chun Cinn: Comhaontú um Chomhpháirtíocht Shóisialta 2003-2005*. An Oifig Páipéarachais, Baile Átha Cliath, 2003.
- *Clár Comhaontaithe Rialtais idir Fianna Fáil agus an Páirtí Daonlathach*. Roinn an Taoisigh, Baile Átha Cliath, 2002.
- *Chun Tosaigh ar an gCuar: Áit na hÉireann sa Gheilleagar Domhanda*. Tuarascáil an Ghrúpa um Straitéis Fhiontair. Forfás, Baile Átha Cliath, 2004.



# 3. Comhthéacs Seachtrach

## 3.1 Creatlach Polasaí

### 3.1.1 Polasaí Baile

Bíonn baint ag gníomhartha straitéiseacha Teagasc le riachtanais athraitheacha tionscal talamhbhia na hÉireann agus bíonn siad margadhbhunaithe agus deartha chun tacaíocht a thabhairt do thalamhaíocht agus do bhia na hÉireann faoi chreatlach polasaithe agus tosaíochtaí rialtais agus idirnáisiúnta. Leagtar béim, ach go háirithe, ar chuspóirí náisiúnta i dtaca le hearnáil an talamhbhia, faoi mar atá leagtha síos sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 agus, go sainiúil, i gClár Oibriúcháin na hEarnála Táirgthe, an Tomhas Taighde Institiúideach Bia (FIRM) san áireamh.

Anuas air sin, tacaíonn ár gcuid tosaíochtaí straitéiseacha le Ráiteas Straitéise 2005-2007 an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus léiríonn siad go hiomlán ár bhfreagairt do chuspóirí polasaithe an talamhbhia agus do chlár athchóirithe an Phlean Rialtais.

Aithníonn ár Ráiteas Straitéise an bhéim, atá á leagan i bpolasaithe rialtais i láthair na huaire, ar an ról a bheidh ag Taighde, ag Teicneolaíocht, ag Forbairt agus ag Nuálaíocht (RTDI), i gcothabháil chumas iomaíochta ar bhonn náisiúnta. Tugann polasaithe rialtas na hÉireann tús áite d'fhorbairt gheilleagair eolasbhunaithe, go háirithe trí mhaoiniú R&D a chur ar fáil. Tá an talamhaíocht fós ina comhpháirt shuntasach de gheilleagar na hÉireann agus beidh a cumas iomaíochta, amach anseo, ag brath ar an gcaoi a mbeidh sí in ann forbairt a dhéanamh mar thionscal eolasbhunaithe. Beidh cumas iomaíochta thionscal na talamhaíochta agus an bhia ag brath go mór ar thacaíocht phoiblí trí mhaoiniú i leith taighde, oiliúna agus forleathnaithe san am atá le teacht.

### 3.1.2. Polasaí Eorpach

B'athrú mór é Comhaontú Lucsamburg faoi leasú CAP i dtaca le polasaí talamhaíochta an AE. De thoradh díchúpláil íocaíochtaí díreacha talmhaíochta ó tháirgeadh tarlóidh athruithe i dtaca le méid aschuir, le leibhéal na n-ionchur a úsáidtear i dtalamhaíocht Éireannach agus le struchtúr na feirmeoireachta in Éirinn. De thoradh díchúpláil na n-íocaíochtaí díreacha tiocfaidh athrú ar na haischuir choibhneasta go sclábhaíocht feirme agus, dá thoradh sin, is dócha go dtiocfaidh méadú ar an líon feirmeoirí a bheidh ag brath ar fhostaíocht taobh amuigh den fheirm. Anuas air sin, is dócha go dtiocfaidh méadú ar an ráta athruithe struchtúrtha i dtionscal déiríochta na hÉireann i ngeall ar an laghdú i bpraghsanna idirghabhála do tháirgí déiríochta agus ar dhíchúpláil chúiteamh déiríochta. Ghlac Tuarascáil Choiste Fís-Thalmhaíoch 2015 le hanailís Teagas, a thuarann go dtiocfaidh laghdú ó 136,000 feirm i 2002 go 105,000 i 2015. Meastar go dtiocfaidh méadú ó 28% go 30% ar líon na bhfeirmeacha inmharthana le linn na tréimhse céanna, ach go mbeidh an feirmeoir nó a c(h)éile ag obair taobh amuigh den fheirm i gcás 75% de na feirmeacha sin. Chomh maith leis sin tugann an Tuarascáil aird ar staid íseal iomaíochta na talmhaíochta in Éirinn agus ar na rátaí ísle fás táirgí i gcomparáid le tíortha eile san AE – nuair a chuirtear costais iomlána eacnamaíochta san áireamh. Is léir go mbíonn buntáistí suntasacha, i leith táirgí áirithe ainmhithe agus barr, ag tíortha taobh amuigh den AE, mar an Nua-Shéalainn, An Astráil, na Stáit Aontaithe agus Ceanada, go háirithe ag na tíortha móra.

## 3.2 Creatlach Náisiúnta

### 3.2.1 Geilleagar na hÉireann

Meastar go leanfaidh an aeráid dheas mhacra-eacnamaíoch atá againn in Éirinn i láthair na huairé – i gcodarsnacht leis an gceann atá i dtíortha ilchríocha an AE, áiteanna a mbíonn leibhéil arda stairiúla dífhostaíochta agus a meastar go leanfar leis na leibhéil choibhneasta ísle fáis in ioncaim náisiúnta.

Bhí tionchar ag fás dochreidte gheilleagar na hÉireann ar earnáil an bhia sna nóchaidí ar bhealaí éagsúla. Cruthaíodh deiseanna fostaíochta taobh amuigh den fheirm d'fheirmeoirí agus dá dteaghlach. Chomh maith leis sin tháinig méadú ar an iomaíocht chun obair a fháil i dtáirgeacht feirme agus i bpríseáil bia. Rinneadh éilimh nua ar earraí ó mhargadh an bhia agus cuireadh brú boilscitheach ar chostais fheirmeoireachta. De réir cosúlachta, leanfar leis na treochtaí seo le linn tréimhse an ráitis seo.

### 3.2.2 Earnáil an Talamhbhia

Tá earnáil an talamhbhia fós ag déanamh ionchuir i ngeilleagar na hÉireann. Bíonn onnmhairí bliantúla os cionn €7 billiún ag earnáil an talamhbhia agus na dí le chéile, rud a sheasann do bheagnach 9% de GDP agus cuirtear fostaíocht ar fáil do 166,000 duine. Thar aon ní eile, glacann an tionscal ról mór san earnáil dhúchasach, trí tuairim is 50% d'onnmhairí a chur ar fáil do chomhlachtaí Éireannacha in earnáil an talamhbhia agus na dí. Tá nascacht an-ard ar fad idir earnáil an talamhbhia agus an chuid eile den gheilleagar agus, de thairbhe a ísle is atá a cuid allmhairí, bíonn baint ag an earnáil le tuairim is 20% de ghlantuilleamh iasachta ó onnmhairí marsantachta.

Níor tháinig deireadh go fóill leis an meath i bhfeirmeoireacht lánaimseartha ná leis an méadú i bhfeirmeoireacht pháirtaimseartha. Meastar go bhfuil tuairim is 42% d'fheirmeoirí na tíre páirtaimseartha anois. Tá sé de dhúshlán ag Teagasc freastal a dhéanamh ar an líon táirgeoirí páirtaimseartha, atá ag dul i méid.

I bhfianaise na béime atá á leagan faoi láthair ar fhorbairt chothrom réigiúnach agus ar dháileadh spásúil níos cothroime tionscail, ní mór a aithint go bhfuil tionscal an talamhbhia scaipthe ar bhonn réigiúnach cheana féin agus go nglacann sé ról fíorthábhachtach i ngeilleagar na tuaithe. Is teaghlach feirme iad tuairim is triandé dhaonra na tuaithe. Cé go bhfuil meath ag teacht ar an bhfígiúr seo in Éirinn, faoi mar atá ag tarlú i mbeagnach gach tír fhorbartha eile, tá bhfígiúr an-tábhachtach ar fad go fóill ag earnáil an talamhbhia i measc ár bpobail thuaithe. Dá bhrí sin, is gné an-tábhachtach de chuid ionchais eacnamaíoch na gceantar seo, agus de chuid na ndaoine a chónaíonn iontu, inmharthanacht an tionscail san am atá le teacht.

Is í an talmhaíocht bunús an bhiashlabhra. Chomh maith leis sin tá feidhmeanna ag baint léi a théann i bhfad taobh amuigh de tháirgeadh táirgí talmhaíochta. Is trí choincheap na hifheidhmiúlachta a thuigtear na gnéithe tábhachtacha nua seo a bhaineann leis an talmhaíocht Eorpach, mar aon le hionchais na sochaí. Mar earnáil eacnamaíoch, ní mó d'earnáil na talmhaíochta a bheith ildánach, inbhuanaithe agus iomaíoch. Chomh maith leis sin caithfidh sí a bheith in ann an tuath a chohabháil, an dúlra a chaomhnú agus ionchur tábhachtach a bheith aici i saol na gceantair thuaithe. Is comhpháirteanna d'earnáil dhinimiciúil iomaíoch, a dhéanann freastal ar ionchais na sochaí i dtaca le réimse leathan earraí poiblí a chur ar fáil, iad nuálaíocht, taighde agus forbairt.

### 3.2.3 Tionscal an Bhia

Bíonn ionchur suntasach ag tionscal an bhia i ngeilleagar na hÉireann, le luach aschuir bhliantúil tuairim is €16.8 billiún, atá cothrom le beagnach 20% d'aschur iomlán tionsclaíochta agus a chuireann fostaíocht ar fáil do tuairim is 47,000 duine.

Ó tharla Comhaontú Lucsamburg tuigtear go maith an gá atá ann nuálaíocht agus luach a thabhairt isteach i dtionscal an bhainne agus na mairteola. Tá ag éirí go han-mhaith le

hearnáil an bhia ullmaithe do thomhaltóirí agus tá sí ag dul chun cinn i gcónaí. Tá Fiontar Éireann ag leagan béime faoi leith ar bhiana sláintiúla agus is dócha go mbeidh tionchar aige seo ar réimse leathan comhlachtaí. Ar an iomlán, tá iomaíocht ghéar i ndán don tionscal ar mhargaí baile agus ar mhargaí easportála agus ní mór dó scileanna nua, go háirithe i dtaca le nuálaíocht táirgí agus mhargaíochta, a fhorbairt, ionas go n-éireoidh leis dul san iomaíocht le tionscail eile.

### 3.2.4 Forbairt Tuaithe

Is mór iad na hathruithe atá ag teacht ar an tuath in Éirinn. Tá an daonra ag fás agus táthar ag glacadh le luachanna uirbeacha, le comaitéireacht fhad-achair, le feirmeoireacht pháirtaimseartha ar bhonn leathan agus leis an meath atá ag teacht ar thábhacht eacnamaíoch na feirmeoireachta. Ag an am céanna, tá brú as cuimse ar úsáid a bhaint as an talamh chun freastal ar riachtanais chomhshaoil agus fhóillíochta. Tá na hathruithe seo ag tarlú taobh istigh de chomhthéacs athruithe i bpolasaithe an AE i dtaca le talmhaíocht agus le forbairt tuaithe.

Tá athruithe tagtha ar an bhfócas ar fhorbairt tuaithe agus ní mó freastal a dhéanamh anois ar riachtanais chónaitheoirí tuaithe an lae inniu. Níl baint ar bith ag a bhformhór seo le cúrsaí talmhaíochta. Ní mór polasaithe i leith forbairt tuaithe a chomhtháthú le pleanáil réigiúnach níos leithne agus le polasaithe forbartha. Anuas air sin, ní mór na difríochtaí suntasacha réigiúnacha maidir le forbairt eacnamaíoch na hÉireann a chur san áireamh freisin.

### 3.2.5 Soláthar Earraí Poiblí

Táirgeann buntalmhaíocht tráchtarraí talmhaíochta, ach, anuas air sin, táirgeann sí réimse earraí poiblí, mar chaomhnú an tírdhreach tuaithe, bhithéagsúlacht, chaomhnú an fhiadhúlra, charbón a thabhairt ar láimh agus nithe eile atá intuigthe sa téarma 'talmhaíocht

ilfheidhmiúil'. Cuirfidh an ról seo réasúnaíocht níos tábhachtaí ar fáil do thacaíocht rialtais don talmhaíocht.

Cuireann soláthar earraí poiblí ón talmhaíocht lena ról i bhforbairt inbhuanaithe tuaithe. Ós rud é go leanfar leis an gcuid is mó den talamh a úsáid don talmhaíocht, beidh an talmhaíocht ina cuid lárnach de sholáthar leanúnach earraí poiblí a bhaineann leis an tírdhreach tuaithe. Beidh ar thalmhaíocht na hÉireann í féin a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus freagairt d'athruithe i bpolasaithe comhshaoil de réir mar a éiríonn siad.

### 3.2.6 Polasaí Náisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta

Bhí sé de sprioc ag Clár Liospóin, ar ghlac an AE leis sa bhliain 2000, an tAontas Eorpach a bheith ar an ngeilleagar iomaíoch eolasbhunaithe ba dhinimiciúla ar domhan. Ní mór cumas láidir eolaíochta agus taighde a bheith ann chun iomaíocht, nuálaíocht agus fiontraíocht a mhisniú ar fud na hEorpa.

Leagann Tuarascáil an Ghrúpa um Straitéis Fhiontair béim ar an ngá le tuilleadh infheistíochta a déanamh i dtaighde agus i bhforbairt, idir phoiblí agus phríobháideach, lena chinntiú go mbeidh geilleagar na hÉireann fós iomaíoch sa todhchaí, nuair a leagfar béim láidir ar chúrsaí eolais. Aithníonn polasaí Rialtas na hÉireann an ról tábhachtach a bheidh ag oideachas, ag taighde, ag forbairt agus ag nuálaíocht i gcothabháil iomaíochta na hÉireann. Beidh tábhacht mhór fós ag baint le tionscal na talmhaíochta agus leis an tionscal próiseála bia ó thaobh an gheilleagair náisiúnta de go ceann deich mbliana, ar a laghad, agus braitheann cumas iomaíochta na dtionscal seo – díreach cosúil leis an gcuid eile de gheilleagar na tíre – ar a gcumas forbairt a dhéanamh orthu féin mar thionscail eolasbhunaithe a dhéanfaidh freastal ar riachtanais an mhargaidh. Dá bhrí sin, ní mór tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i

dtaighde poiblí, ós rud é go leagann comhlachtaí taighde poiblí béim faoi leith ar ghiniúint eolais.

### 3.3. An Comhthéacs Idirnáisiúnta

#### 3.3.1 An Eagraíocht Dhomhanda Trádála

Tá an chosúlacht ar an scéal nach fada uainn an lá a gcuirfear ball críche ar Chúrsa Doha den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO) agus, dá thoradh sin, go dtabharfar tuilleadh saoirse do thrádáil talmhaíochta agus go gcuirfear cosc arís ar shaoirse bhaill WTO fóirdheontais, a thugann staid bhréagach do chúrsaí trádála, a bhronnadh ar a gcuid tionscail talmhaíochta. Tá feabhas tagtha ar staid idirbheartaíochta an AE, i leith tacaíocht bhaile do tháirgeoirí talmhaíochta, de thoradh Chomhaontú Lucsamburg. Ós rud é go ndéantar an chuid is modh d'íocaíochta díreacha san AE a dhíchúpláil ó tháigeadh, meastar nach gcuireann siad cúrsaí trádála as riocht agus glactar leis go mbíonn siad sa 'bhosca glas' agus go mbíonn siad díolmhaithe ar laghdúithe. Ach d'fhéadfadh drochthorthaí a bheith ar Chúrsa Doha i gcás na hÉireann i dtaca le laghdú nó le díothú fhóirdheontais easportála, sa chaoi go mbeadh orainn brath ar allmhairí saora trí idirbheartaíocht a dhéanamh i dtaca le hionrochtaineacht mhargaidh. Is léir go mbeadh tionchar diúltach ag dhíothú fhóirdheontais easportála ar na praghsanna a fhaigheann feirmeoirí, go háirithe i gcás geilleagair bhig oscailte a bhíonn ag brath, níos mó ná tíortha eile an AE, ar fhóirdheontais easportála, faoi mar atá an cás anseo in Éirinn.

#### 3.3.2 Treochtaí Eile

Cuirfidh forleathnú an AE, mar aon le tuilleadh léirscaoileadh trádála, leis an mbrú iomaíochta atá ar thionscal an talamhbhia in Éirinn. I ngeall air seo, agus ar arduithe i bpragsanna fuinnimh, ní mó athluacháil a

dhéanamh ar úsáid a bhaint as talamh, gan bia a bheith i gceist, go háirithe i dtaca le bithbhreosla. Bíonn tionchar mór ag dearcadh an phobail i dtaca le caighdeán agus le caomhnú na timpeallachta, mar aon le leas ainmhithe, ar pholasáí rialtais, go háirithe ó thaobh earnáil an talamhbhia de. Bíonn tábhacht mhór ag baint le dearcadh tomhaltóirí i leith sábháilteacht, inaaimsitheacht agus buanna sláintiúla bia. Anuas air sin, bíonn éileamh mór inniu ar tháirgí áise agus iad ar phraghsanna iomaíocha.

### 3.4 Aghaidh a thabhairt ar na Dúshláin

#### 3.4.1 Iomaíocht agus Inbhuanaitheacht

Rachaidh na treochtaí thuasluaite i dtreise le himeacht aimsire agus cuirfear leis an ngá le hiomaíocht sa tionscal. Dá bhrí sin, ní mó fócas a leagan ar chumas iomaíochta thionscal an talamhbhia agus ar a chumas le dul i ngleic leis na hathruithe atá ag tarlú ar mhargaí tomhaltacha agus sa timpeallacht trádála seachtraí. Díreach cosúil le tionscal ar bith eile, braitheann poitéinseal iomaíoch thionscal an talamhbhia ar a chumas forbartha mar thionscal eolasbhunaithe. Faoi mar a dúradh i dTuarascáil Fhís-Thalmhaíoch 2015: "Is comhpháirt thábhachtach fós í an talmhaíocht de chuid gheilleagar na hÉireann agus, anuas air sin, beidh cumas iomaíochta na talmhaíochta ag brath amach anseo ar a chumas forbartha mar thionscal eolasbhunaithe. Beidh tacaíocht leanúnach phobail don talmhaíocht, trí mhaoiniú i leith oideachas agus oiliúint talmhaíochta, taighde agus forleathnú talmhaíochta agus seirbhísí comhairliúcháin, ina bpríomhchodanna de chumas iomaíochta an tionscail amach anseo.

Luann roinnt tuarascálacha, a rinneadh ar thionscal an bhia le déanaí, gur gá don tionscal a réimse táirgí a athshuíomh ó thráchtearraí bunúsacha go táirgí difreáilte ar bhreisluach agus gluaiseacht ar aghaidh ó chultúr a bhíonn táirgeadh-bhunaithe go

cultúr a bhíonn bunaithe ar an margadh agus ar thomhaltóirí. B'iad na réimsí áirithe deiseanna a aithníodh ná bianna tomhaltacha ullmhaithe, bianna agus deochanna feidhmiúla, comhábhair bhia agus bianna speisialtacha. Anuas air sin, aithníodh go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le sábháilteacht bhia ar fud an bhiashlabhra. I gcás Teagasc, is í an nascacht is tábhachtaí le straitéis fhorbarta náisiúnta ná taighde, forbairt agus oiliúint. Aontaíonn na tuarascálacha go léir le chéile sa mhéid seo. Ní mór cur go mór le caiteachas an tionscail ar R&D agus le scileanna an lucht oibre. Tá ról tábhachtach le himirt ag Eagraíochtaí Taighde Poiblí san obair seo agus ní mór dóibh caighdeán domhanda a bhaint amach ina gcuid ábaltachtaí; agus caithfear nascachtaí taighde níos láidre a chur ar bun idir Eagraíochtaí Taighde Poiblí agus an tionscal.

Is cúis imní é téamh domhanda. Faoi Phrótacal Kyoto, a síníodh sa bhliain 1997, ní mór do thíortha a shínigh é, teorainn a chur le hastuithe ceaptha teasa roimh 2010. Tá Éire tiomanta do chosc a chur ar mhéaduithe astuithe ceaptha teasa sa chaoi nach mbeidh siad níos mó ná 13% os cionn leibhéal 1990. Molann an Straitéis Náisiúnta um Athruithe Aeráide céimeanna chun smacht a choinneáil ar astuithe ceaptha teasa. Is eisceacht í Éire sa mhéid is go mbíonn tionchar suntasach ag earnáil na talmhaíochta ar astuithe ceaptha teasa ar bhonn náisiúnta. Chomh maith leis sin, i gcomparáid le tíortha eile, tá céatadán beag de thalamh na hÉireann faoi fhoraoiseacht agus, toisc go bhfeidhmíonn foraoiseacha mar shlogaíde carbóin, is cúis imní é seo freisin. Ní hé seo an t-aon chás amháin a ndearnadh ceangaltais pholasaí faoi chonarthaí AE nó faoi chonarthaí eile i ngeall ar fhadhbanna comhshaoil. Is samplaí ar leith iad na riachtanais comhlíonta a bhaineann le treoracha an AE i dtaca le huisce, le níotráit agus le fosfar.

Is cosúil go mbeidh impleachtaí ag reachtaíocht chomhshaoil ar chumas iomaíochta agus inbhuanaitheachta na talmhaíochta in Éirinn. Chomh maith leis sin, is cosúil go dtabharfar dúshlaín

shuntasacha do sheirbhísí taighde, oiliúna agus comhairleacha Teagasc i dtaca le teicneolaíochtaí nua agus eolas a chur ar fáil d'fheirmeoirí chun cabhrú leo a gcuid gnónna feirme a inbhuanú agus na caighdeáin chomhshaoil a chomhlíonadh.

### 3.4.2 An Tomhaltóir

Is nithe tábhachtacha, mar chodanna den bhiashlabhra, iad muinín, iontaoibh agus sláine ó thaobh an tomhaltóra de agus ní mó do Teagasc páirt a ghlacadh trí heolas eolaíocht-bhunaithe a nascadh leis na nithe sin, a théann níos faide ná sábháilteacht amháin agus a mbíonn baint acu le nithe mar éilimh shláinte agus dhearfacht.

## 3.5 Clár Nua do Thaighde Teagasc

Leanfaidh clár taighde talmhaíochta agus tuaithe Teagasc air ag freastal ar réimse leathan fiontair fheirmeoireachta agus ar pháirtithe leasmhara náisiúnta, le clár feidhmeach taighde. Ní mór gnéithe áirithe den chlár taighde a leathnú de thoradh ionchur níos mó ó thionscal trí mhaoiniú tobhachta méadaithe Leanfar le béim a chur ar an teicneolaíocht seo a aistriú go tapa chuig páirtithe leasmhara trí na cláir fhorleathnaithe agus oideachais.

Tá cumas faoi leith ag an eagraíocht i dtaca le taighde feidhmeach agus, dá bhrí sin, tá sí suite go lárnach chun moladh an Ghrúpa um Straitéis Fhiontair, go ndéanfaí maoiniú R&D fheidhmigh a mhéadú, a chur i ngníomh. Tá sé de chumas ag Teagasc a bheith ina chomhpháirtí éifeachtach ar Ardán Straitéiseach Teicneolaíochta do Theicneolaíochtaí Talambhia, faoi mar a mhínítear é sa tuarascáil. Cinnteoidh diansaothrú a chuid speisialtóireachtaí, atá mar aidhm ag an straitéis nua taighde, go ndéanfar freastal ar réimsí bunúsacha riachtanacha eolais chun tacú leis an ardán.

Mar chuid d'iarratas a rinneadh leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia (Aibreán

2005), mhol Teagasc go gcuirfí straitéis nua taighde i bhfeidhm, arbh í an phríomhaidhm a bhain leis ná infheistíocht a dhéanamh in ionaid fheabhais, chun eolas a thabhairt dóibh siúd a mbíonn baint acu le gnó na talmhaíochta agus an bhia, chun feabhas a chur ar éifeachtacht, ar chumas iomaíochta agus ar fheagrúlacht don mhargadh agus chun polasaithe a fhorbairt a léiríonn meas ar an timpeallacht fhisiceach, a chuireann bithéagsúlacht chun cinn agus a chinntíonn go ndéantar daonra agus tuath shláintiúil a chothabháil.

Cuirfidh an straitéis nua taighde le hacmhainní na heagraíochta i leith biteicneolaíochta, sa chaoi go ndéanfar a chumas i réimsí tábhachtacha roghnaithe a chur ar chaighdeán domhanda. Chuige sin, bhí tionchar ag conclúidí an Ghrúpa Idir-Roinne um Biteicneolaíocht Nua-aimseartha go bhfuil sé de phoitínseal ag an mbiteicneolaíocht buntáistí móra a chur ar fáil do dhaoine agus do phobail i réimsí mar chúram sláinte, thalmhaíocht agus fheabhsúchán comhshaoil agus go bhfuil sé den riachtanas, gan a bheith roghnach, cumas a fhorbairt go caighdeán domhanda in Éirinn agus san Eoraip.

Déanfar freastal ar thimpeallacht athraitheach na heolaíochta agus thionscal an bhia i straitéis agus i gclár na n-ionaid bhia. Ní mó do na hionaid bhia iad féin a ailíniú le dhá phróiseas mhóra athruithe, i.e. (1) eolaíocht agus teicneolaíocht náisiúnta, atá bunaithe a priori ar chruthú feabhas eolaíochta, trí bhéim faoi leith a leagan ar nascachtaí leis an earnáil tháirgiúil agus (2) nuálaíocht i gcomhlachtaí bia agus, go háirithe, an spreagadh i dtreo nuálaíocht eolaíocht-bhunaithe, go háirithe i dtaca le forbairt bhianna sláintiúla. Déanfaidh Teagasc iniúchadh géar ar bhonn eolaíochta a chuid taighde bia agus cuirfear straitéis i bhfeidhm i dtaca le heochair-dhisciplíní eolaíochta chun an réimse seo den chlár a chur chun cinn.

Aithníonn an t-iarratas, a cuireadh os comhair an Roinn Talmhaíochta agus Bia le déanaí, na hathruithe a bheidh le déanamh i gclár taighde talmhaíochta agus tuaithe na

heagraíochta, lena chinntiú go mbeidh in ann an t-eolas, atá riachtanach chun fis talmhaíochta an Rialtais don bhliain 2005 a chur i gcrích, a chur ar fáil. Is í an straitéis atá i gceist ná réimsí téama faoi leith a fhorbairt – eolaíocht ainmhithe, eolaíocht bharr, an úsáid a bhaintear as talamh agus as an gcomhshaoil agus taighde tuaithe. Is í an aidhm atá againn ná foirne le mais chriticiúil a bhunú, a dtiocfaidh ionaid fheabhais astu amach anseo. Is cuid lárnach den mholadh seo leibhéal ard comhtháthaithe taobh istigh de agus idir ionaid fheabhais agus le hinstiúidí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile a chur i gcrích.

### 3.6 Clár Nua do Sheirbhísí Comhairleacha Teagasc

Is é príomhról na Seirbhíse Comhairlí ná ioncam agus inbhuanaitheacht teaghlaigh feirme taobh istigh de phobail tuaithe a uasmhéadú.

De réir straitéis nua comhairle, agus de réir na seirbhíse athstruchtúrtha a thiocfaidh dá thoradh sin, bainfear úsáid as acmhainní na heagraíochta chun cabhrú le teaghlaigh feirme dul i ngleic leis na dúshláin ón timpeallacht athraitheach polasaí agus ó dhíchúpláil íocaíochtaí díreacha. Déanfar freastal ar riachtanais fhorbartha feirmeoirí tráchtála trí theicnící pleanála nua-chruthaithe teicneolaíochta agus airgeadais a chur ar fáil dóibh. Cuirfidh comhairleoirí tiomnaithe teicneolaíochta agus gnó ar chumas feirmeoirí feabhas a chur ar éifeachtacht, scála a mhéadú agus sárchleachtais a chur in oiriúint chun ioncam a uasmhéadú.

Tá éileamh níos mó ná riamh ar an gClár Pleanála don Todhchaí i ngeall ar choigeartú struchtúir agus ar mheastóireacht ar an úsáid ar féidir a bhaint as talamh nua, de bharr athruithe i bpolasaithe an AE. Cuirfidh comhairleoirí sainoilte mionchlár anailíse roghanna ar fáil do theaghlaigh feirme. Cabhróidh sé seo leo na roghanna go léir a bhaineann le comhtháthú bainistíocht ghnó

na feirme le deiseanna ioncam-ghiniúna eile. Beidh Plean Gníomhaíochta don Bhóthar Romhat, agus modhanna inbhuanaitheachta ann do gach teaghlach, ina chuid thábhachtach d'aschuir an chlár seo.

Leagann polasaithe reatha an AE agus fis an rialtais i leith na talmhaíochta béim ar an éileamh ar chaomhnú an chomhshaoil agus ar riachtanas sárchleachtas fheirmeoirí. Is cuid lárnach de seo iad an Scéim um Chaomhnú Chomhshaoil Tuaithe (REPS), pleanáil bhainstíochta chohaitheach agus bainistíocht dramhaíl feirme. Leanfar leis an tSeirbhís Chomhairleach mar phríomhghníomhaireacht phleanála REPS, ag seasamh do níos mó ná 40% de sheirbhísí pleanála ar bhonn náisiúnta. Cuirfidh Comhairleoirí, le tacaíocht ó chomhghleacaithe taighde, réimse seirbhísí comhshaoil ar fáil lena chinntiú go dtugtar tacaíocht iomlán d'fheirmeoirí chun riachtanais sárchleachtas agus trasghéilliúntais a chur i gcrích.

Ní mór d'fheirmeoirí scileanna nua a fhoghlaim i gcamhthéacs an ré nua talmhaíochta. Cuirfidh an tSeirbhís Chomhairleach réimse leathan cúrsaí ar fáil agus beidh creidiúnú ón gComhairle um Dhámhachtana Breisoideachais agus Oiliúna ag dul le cuid mhór díobh. Beidh cúrsaí ar fáil ón Teastas Gairmoideachais Talmhaíochta do dhaoine fásta go cúrsaí speisialta scilbhunaithe. Beidh grúpa tiomnaithe Oifigigh Oideachais, le tacaíocht ó chomhairleoirí agus ó speisialtóirí talmhaíochta, ag cur oiliúint aosach ar fáil ar bhonn áitiúil, ar bhealach solúbtha, chun rannpháirtíocht uasmhéide a chinntiú.

### 3.7 Clár Nua Oideachais agus Oiliúna Teagasc

Mar chuid de shoचाई, a bhíonn ag síorfhoghlaim, bíonn ról tábachtach ag oideachas agus ag oiliúint maidir le scileanna, le heolas agus le cumas fágáilithe scoile, feirmeoirí aosacha agus

oibrithe. Tá sé d'aidhm ag straitéis Liospóin geilleagar dinimiciúil iomaíoch eolasbhunaithe a chruthú san Eoraip faoin mbliain 2010, a chuirfidh fás inbhunaithe, jabanna níos fearr ar bhonn níos leithne agus comhtháthú sóisialta níos fearr ar fáil. D'ardaigh Forógra Chóbanhavan próifíl an ghairmoideachais agus an ghairmoiliúna i dtaca le feabhas ar chur ar cháilíocht oideachais agus oiliúna, trí hinrochtaineacht a chur ar fáil do gach duine agus trí hoideachas agus oiliúint a oscailt amach do dhomhan níos leithne.

Tá sé d'aidhm ag Teagasc spriocanna Fhorógraí Liospóin agus Chóbanhavan a chur i gcrích trína chinntiú go ndéantar uasghrádú leanúnach ar a chuid clár oideachais agus oiliúna go dtí na caighdeáin idirnáisiúnta is airde. Tríd an "Athbhreithiú ar Sholáthar Oideachais agus Oiliúna Teagasc", a cuireadh chun críche le déanaí, a chur i bhfeidhm, déanfar cinnte de go mbeidh ár gcuid clár dírithe ar mhic léinn agus bunaithe ar ardán nuálaíochta agus feabhais agus ar an ngá go mbeidh tionscal iomaíoch talmhaíochta ann.

Leanfar leis an nós oiliúint a chur ar fáil d'iontrálaithe óga i gcoláistí. Toisc gur dúnadh sé cinn de choláistí le tamall de bhlianta anuas, meastar go mbeidh gá leis an líonra ocht gcinn de choláistí atá fágtha chun leathadh réasúnta tíreolaíochta a chur ar fáil ionas go mbeidh inrochtaineach ar fáil ar fud na tíre d'iontrálaithe óga agus d'fheirmeoirí aosacha. Aithnítear go bhfuil athruithe drámatacha ag teacht ar ról na gcoláistí. Bíonn sé de nós ag mic léinn taisteal níos faide agus níos minicí ón mbaile go dtí an t-ionad oiliúna. Anuas ar a bheith in ann freastal ar riachtanais a gcuid iontrálaithe óga amach anseo, beidh ar na coláistí talmhaíochta páirt níos mó a ghlacadh maidir le hoiliúint a chur ar fáil d'aosaigh agus d'fheirmeoirí páirtaimseartha agus maidir le taighde freisin.

Tá na coláistí agus a gcuid foirne cáilithe in oiliúint scileanna, bíodh siad ar leibhéal an choláiste nó ar leibhéal áitiúil, agus ní mór dóibh páirt a ghlacadh in oiliúint scileanna

## Teagasc: Ráiteas Straitéise 2005-2007

mar chuid de chlár áitiúla don Ghairmtheastas Talmhaíochta nó i modúil oiliúint scileanna d'fheirmeoirí aosacha.

Chomh maith leis sin, cuirfidh na coláistí an Gairmtheastas Talmhaíochta ar fáil d'fheirmeoirí páirtaimseartha ina ndobharcheantair féin i gcomhpháirtíocht leis na Seirbhísí Chomhairleacha. Bainfear úsáid astu freisin, i gcomhpháirtíocht le comhghleacaithe taighde, mar ionaid réigiúnacha forbartha, inar féidir córais táirgthe feirme na gcoláistí a úsáid chun torthaí an taighde is déanaí a mheas agus a léiriú do mhic léinn agus d'fheirmeoirí. Leanfaidh Teagasc air ag cur oiliúint tríú leibhéal, creidiúnaithe ag an gComhairle um Dhámhachtana Breisoideachais agus Oiliúna, ar fáil suas go dtí leibhéal na gnáthchéime, i gcomhpháirtíocht leis na hinstitiúidí teicneolaíochta. Tá aon cheann déag de na cláir sin ar fáil i láthair na huaire agus bíonn deis ag na mic léinn leanúint ar aghaidh go dtí céim ardleibhéal.

Chun freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna feirmeoirí páirtaimseartha, cuirfear an Gairmtheastas Talmhaíochta ar fáil sna haonaid bhainistíochta go léir ar bhonn áitiúil, istoiche agus ag deireadh na seachtaine.

Leanfar leis an Ardteastas Feirmeoireachta (in ionad na gcúrsaí oiliúna 100 uair an chloig agus 80 uair an chloig) a chur ar fáil go bliantúil in aonaid chomhairleacha bhainistíochta agus i gcoláistí chun cabhrú le feirmeoirí páirtaimseartha a mbíonn oiliúint neamhthalmháoch faighte acu, ar mhaith leo úsáid a bhaint as cúnamh agus as dreasachtaí stáit. Is cuid de reachtaíocht na tíre anois é go gcaithfidh na cúrsaí seo a bheith creidiúnaithe ag an gComhairle um Dhámhachtana Breisoideachais agus Oiliúna

De thoradh treoirchlár ríomhfhoghlama 180 uair an chloig a bheith curtha i gcrích, bunaíodh coláiste ríomhfhoghlama agus tá sé i gceist réimse agus scóip na gcláir ríomhfhoghlama a leathnú.

Is dúshlán eile í an bhéim atá á leagan ar an gcomhshaol, ar leas ainmhithe agus ar shábháilteacht bhia. I ngeall air seo, mar aon leis an ngá a bheith eolach faoi na teicneolaíochtaí táirgthe agus bainistíochta airgeadais is déanaí, ní mór clár cuimsitheach foghlama saoil d'aoisigh a mbíonn baint acu le cúrsaí feirmeoireachta a chur ar fáil. Tá Teagasc tiomanta dá chlár fadsaoil foghlama, a chuireann oiliúint ar fáil do níos mó ná 8,000 feirmeoir aosach in aghaidh na bliana i láthair na huaire, a fhorleathnú.

Cuirfear oiliúint aosach ar fáil ar bhonn modúlach, le siollabais agus le gnáis mheasúnaithe chaighdeánaithe, sa chaoi go ndéanfar freastal ar riachtanais leanúnacha chreidmheasanna carnacha. Beidh an clár oiliúna d'fheirmeoirí aosacha ar cheann de na príomh-mheicníochtaí do chlár chomhairleacha eile, an Clár um Anailís Roghanna, an Clár um Shárchleachtas Feirmeoireachta agus an Clár Teicneolaíochta agus Gnó san áireamh.

Tá athstruchtúrú a dhéanamh ar na seirbhísí Foraoiseachta, Gairneoireachta agus Muc mar thrí aonad nua forbartha, trí chomhairle agus thaighde a chomhtháthú i struchtúir bhainistíochta éagsúla. Ar an gcaoi sin cuirfear seirbhís iomlánaithe taighde agus chomhairle ar fáil chun feabhas a chur ar chumas iomaíochta agus ar inmharthanacht agus chun córais táirgthe inbhuanaithe a chinntiú sna hearnálacha seo.



# 4. ■ Timpeallacht Inmheánach

## 4.1 Seirbhísí Teagasc

Aithnítear agus léirítear meas ar bhranda sheirbhísí Teagasc ar fud tionscal an talamhbhia agus tá gaol sármhaith ag an eagraíocht le bonn leathan ilghnéitheach cliant. Aithnítear, mar shampla, na nithe a dhéanann an eagraíocht i leith ioncain feirme, an chomhshaoil, cúrsaí sláinte agus bia agus leas pobail, mar nithe a chuireann le díospóireachtaí ar fhorbairt pholasaí.

Tá tuairim is 65,000 teaghlach feirme ag baint úsáide as na seirbhísí comhairleacha agus cuirtear dianseirbhís ar fáil do níos mó ná leath díobh siúd. Glacann tuairim is 8,000 feirmeoir in aghaidh na bliana páirt i gcúrsaí oiliúna d'aosaigh agus tá os cionn 4,000 duine óg ag glacadh páirte i gcúrsaí tríú leibhéal agus i gcúrsaí gairmoiliúna faoi láthair.

I measc na gcustaiméirí a bhaineann úsáid as na seirbhísí taighde, tá feirmeoirí, na hearnálacha próiseála talamhbhia agus seirbhísí, comhairleoirí, ranna rialtais, gníomhaireachtaí/eagraíochtaí forbartha/seirbhísí eile talamhbhia, na hollscoileanna, eagraíochtaí taighde eile agus an AE.

Ar an gclár taighde ata againn i láthair na huairé tá 300 tionscnamh, tuairim is leath díobh á ndéanamh i gcomhpháirtíocht le rannpháirtithe Éireannacha agus Eorpacha. I gcás tuairim is 25% díobh sin tá baint dhíreach, nó idirchaidreamh, le hearnálacha talamhbhia nó próiseála nó seirbhísí.

Luann an Cháirt do Chustaiméirí go bhfuilimid tiomanta do sheirbhísí gairmiúla ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí agus cuirtear san áireamh 40 céim gníomhaíochta chun feabhas a chur ar

sheirbhísí do chustaiméirí sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhísí do Chustaiméirí 2004-2006.

## 4.2 Bonneagar Fisiceach

Sa bliain 2004 aistríodh ceanncheathrú Teagasc ó Bhaile Átha Cliath go Ceatharlach mar den chuid dcn chlár cuíchóirithe. Is cuid den chlár cuíchóirithe iad diúscairt roinnt oifigí comhairle agus ionaid taighde agus athshuíomh foirne agus seirbhísí in ionaid, atá níos mó agus níos inmharthana, agus suite in áiteanna níos oiriúnaí. Ceadáíodh cuid mhór de d'fháltais an chlár cuíchóirithe seo a úsáid chun forbairtí i roinnt de na hionaid atá fágtha ag an eagraíocht a mhaoiniú. Ceadáíodh an infheistiú seo anuas ar chothabháil agus ar fhorbairt leanúnach áiseanna a chlúdaítear i ndáileadh an Deontais Chaipitil.

I láthair na huairé tá na seirbhísí taighde comhdhlúite le chéile i mBaile Átha an Rí, sa Ghráinseach, i gCaisleán Bhaile Sheáin, i gcionn Sáile, i bPáirc Uí Mhordha, i bPáirc na Darach, i mBaile an Ásaigh, Baile Átha Cliath agus i bPáirc Uí Mhordha. Le tamall de bhlianta anuas rinneadh infheistíocht shuntasach chun forbairt a dhéanamh ar chumas taighde biteicneolaíochta ar fhorleathnú taighde in eolaíocht chomhshaoil agus ar fheabhsú an chlár oiliúna bia.

Déantar oiliúint ghairmscoile agus tríú leibhéal a chur ar fáil d'iontrálaithe óga de chuid an tionscail i gceithre cinn de choláistí Teagasc (Béal Átha hÉis, Co. an Chabháin; An Coláiste Gairneoireachta Taitneamhaí – Na Gairdíní Lusanna Náisiúnta, Baile Átha Cliath; Cloich na

## Teagasc: Ráiteas Straitéise 2005-2007

Coillte, Co. Chorcaí; Cill an Daltúnaigh, Co. Chill Chainnigh) agus i gceithre cinn de choláistí príobháideacha (An Goirtín, Co. Thiobraid Árann; An Creagán, Co. na Gaillimhe; Pailís Chaonraí, Co. Luimnigh; Baile an Bhairínigh, Co. na Mí). Tá clár infheistíochta cúig bliana (2000 go 2005) €24.5m, chun feabhas a chur ar áiseanna na gcoláistí seo, gar do bheith curtha i gcrích.

Tá tuairim is 80 oifig áitiúil d'fhoireann chomhairleach curtha ar fáil ar fud na tíre. Cuireadh seomraí ranga ar fáil i dtuairim is dhá thrian de na hoifigí seo chun cúrsaí oiliúna a sholáthar.

Tugtar léarscáil d'ionaid Teagasc in Aguisín 1.

Talmhaíochta, Taighde Bia, Seirbhísí Comhairleacha, Oiliúna agus Forbartha. Déantar polasaithe a cheadaíonn an tÚdarás a chur i bhfeidhm trí struchtúr eagraíochta aonaid ghnó faoi mar a léirítear i Léaráid 4.1. Bíonn sé de chúram ar a lán de na haonaid ghnó seo roinnt clár náisiúnta a chur i bhfeidhm. Ghlac na Stiúrthóireachtaí Comhairleacha, Taighde Talmhaíochta agus Oiliúna agus Forbartha le struchtúr bainistíochta clár le déanaí lea chinntiú go gcuirfí cláir Teagasc i bhfeidhm. Is é príomhfheidhm an Bhainisteoir/Ceannaire Clár ná plean náisiúnta gnó a fhorbairt do réimse gach cláir agus ceannaireacht agus monatóireacht a dhéanamh i dtaca leis an bplean seo a chur i bhfeidhm ar fud na haonaid éagsúla ghnó.

### 4.3 Acmhainní Foirne

Is mar seo a leanas atá dáileadh reatha an 1,599 foirne (coibhéisigh lánaimseartha):



Seirbhísí Comhairleacha	702
Seirbhísí Oiliúna	196
Taighde Talmhaíochta	456
Taighde Bia	165
Seirbhísí Corparáideacha agus Aonaid Tacaíochta	80

Tá foireann 74 breise ag cur cúrsaí oiliúna ar fáil i gColáistí Príobháideacha.

### 4.4. Bainistíocht Teagasc

Is éard atá sa chóras bainistíochta ná údarás aon bhall déag, a phleanann polasaí, agus an Stiúrthóir, a mbíonn sé de chúram air/uirthi an eagraíocht a bhainistiú agus a stiúradh, agus a chinntiú go gcuirtear polasaithe an Údaráis i bhfeidhm. Is é an Coiste Bainistíochta a thacaíonn leis an Stiúrthóir. Is mar seo a leanas a áirítear an Coiste Bainistíochta: na Ceanna Stiúrthóireachtaí i leith Riaracháin, Seirbhísí Bainistíochta, Taighde

Léaráid 4.1 – Cáirt Eagraíochta Teagasc



## 4.5 Bainistíocht Acmhainní Daonna

Déanfar obair na heagraíochta, i dtaca lena mhisean a chur i gcrích, trí mheastóireacht a dhéanamh ar iarrachtaí, ar fhiúntas agus ar bhainistíocht foirne. Rinne an eagraíocht athbhreithniú le déanaí ar a chumas bainistíochta acmhainní daonna. Cuireadh Roinn athstruchtúrtha Acmhainní Daonna ar fáil, le hacmhainní breise, agus tugadh treoir shoiléir chun straitéis Acmhainní Daonna a fhorbairt.

Tá dhá fhoireann scoite i struchtúr nua an Roinn Acmhainní Daonna: Seirbhísí Acmhainní Daonna, a mbíonn sé de chúram orthu seirbhísí acmhainní daonna a sholáthar (earcaíocht, riarachán pearsanra agus pinsin san áireamh), agus Oibriúcháin Acmhainní Daonna, a thacaíonn le bainistíocht daoine trí chaidreamh fostaithe, fhorbairt pholasaithe agus tacaíocht chomhpháirtíochta.

Bunaíodh straitéis eagraíochta le hardchaighdeán daonna a chur i gcrích. Leagadh amach gníomhartha leanúnacha i leith bhainistíocht daoine, chreatlaigh inniúlachta, rannpháirteachais, infheistíochta i ndaoine, iompair stuama agus freagrachta.

De thoradh an straitéis seo a chur i bhfeidhm agus de thoradh Plean Gnó an Roinn Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm chomh maith, déanfar cinnte de go gcuideoidh bainistíocht acmhainní daonna le cur i gcrích na spriocanna go léir sa Ráiteas Straitéise.

Tá Coiste Náisiúnta Comhpháirtíochta, comhdhéanta d'fhoireann, cheardchumainn agus lucht bainistíochta, curtha ar bun. Ceapadh Oifigeach Comhpháirtíochta chun tacú le cur i bhfeidhm na comhpháirtíochta agus chun í a bhainistiú. Is é ról an Choiste Náisiúnta Comhpháirtíochta ná bainistíocht athraithe a chur chun cinn agus a stiúradh trí chur chuige comhpháirteach. Tá sé d'aidhm ag an gCoiste comhleas foirne agus lucht bainistíochta a chur chun cinn trí fheabhas a chur ar chumarsáid inmheánach agus trí chomhairliúchán suntasach a chothú.

## 4.6 Bainistíocht Airgeadais

Tá sé d'aidhm ag Teagasc forbairt iomlán a dhéanamh ar a choras cuntasáíochta. Rinneadh forleathnú ar an úsáid a bhaintear as aistriú leictreonach cistí agus tá córas leictreonach i leith forléileamh agus rialú stoic curtha ar bun. Anuas air sin rinneadh forbairt ar Chóras Bainistíochta Eolas Cliant agus tá sé á chur i bhfeidhm i láthair na huaire. Rinne an eagraíocht a dícheall chun cur le hardchaighdeán seirbhísí do chustaiméirí agus, ag an am céanna, chun riachtanais reachtacha agus na caighdeáin atá leagtha síos sa Chód Cleachtas um Rialachas Chomhlachtaí Stáit a chomhlíonadh.

Ghlac an eagraíocht céimeanna chun timpeallacht oiriúnach rialúcháin a fhorbairt trí:

- Sainmhíniú soiléir a thabhairt ar chúram, ar údarás agus ar fhreagracht lucht bainistíochta.
- Gnásanna foirmiúla agus gníomhaíochtaí monatóireachta a chur ar bun chun a chuid sócmhainní a chosaint.
- Cultúr freagrachta a fhorbairt ar gach leibhéal, mar aon le clár leanúnach inmheánach iniúchta.

Leanfar leis an bpróiseas forbartha agus feabhsaithe. Cuirfear le sreabhadh eolais lucht bainistíochta trí feabhas a chur ar ár gcóras cuntasáíochta IT – Integra – sa chaoi go mbeimid in ann Creatlach Faisnéise Bainisteoireachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Beidh sé d'aidhm ag an gCreatlach Faisnéise Bainisteoireachta feabhas a chur ar phróiseáil éifeachtach idirbhearta airgeadais agus cuntasáíochta, súil a choinneáil ar dhul chun cinn leanúnach i dtaca le spriocanna gnó na heagraíochta, cinnteoireacht níos fearr i dtaca le dáileadh acmhainní a éascú agus feabhas a chur ar bhainistíocht agus ar fhreagracht i leith acmhainní.

#### 4.7 Teicneolaíocht Eolais agus Chumarsáide (ICT) agus ríomh-Rialtas

Roimh dheireadh na bliana 2002, d'ullmhaigh Teagasc Straitéis chuimsitheach ICT. Bhí sé d'aidhm ag an Straitéis seo Roinn Iárnach ICT a chruthú, an bonneagar ICT a bhí ann ag an am a uasghrádú agus roinnt tionscnamh ICT a chur i bhfeidhm chun cur le héifeachtacht oibriúcháin agus bhainistíochta na heagraíochta agus chun seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil do chustaiméirí ar bhealach costaséifeachtach.

Tá an Roinn nua ICT curtha ar bun agus tá dul chun cinn á dhéanamh i dtaca leis na córais, leis an mbonneagar agus leis na seirbhísí atá leagtha síos sa Straitéis ICT a sholáthar. Tá siad seo a leanas ar na tionscnaimh atá pleanáilte:

De thoradh an straitéis seo a chur i bhfeidhm, cuirfear le cumas eagraithe agus le réimse seirbhísí na heagraíochta. Chuige sin, ní mór caiteachas caipitil a mhéadú go sustasach go ceann trí bliana, chun feabhas a chur ar chórais agus ar sheirbhísí bonneagair.

- Bonneagar nua ICT a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Cuirfear an tionscnamh seo i gcrích roimh dheireadh na bliana 2006.
- Cur i bhfeidhm agus uasghrádú bogearraí tábhachtacha eagraíochta, iad seo a leanas san áireamh: córas nua acmhainní daonna agus párolla; córas bainistíochta cáipéisí; athfhorbairt chórais IT a thacaíonn leis an Suirbhé náisiúnta Feirmeacha, córas nua pleanála REPS; agus athfhorbairt chóras eolas taighde bainistíochta.
- Athbhreithniú ar shuímh ghréasáin Teagasc, bunaithe ar fheidhmiú Chóras Bainistíochta Ábhar.
- Athstruchtúrú agus feabhsú seirbhísí inmheánacha tacaíochta ICT.

#### 4.8 Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

Tá se de mhóraidhm ag Teagasc seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil do chustaiméirí agus don phobal i gcoitinne. Cuireadh tionscnamh ar bun le déanaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tseirbhís atá á cur ar fáil agus chun an seirbhís sin a bhreisiú; agus tugadh gealltanais scríofa i dtaca le caighdeán na seirbhíse amach anseo. Chuige sin, foilsíodh Cáirt do Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí do Chustaiméirí 2004-2006.

Déanann an Cháirt cur síos ar cheangaltais i dtaca le caighdeán na seirbhíse. Luann an Plean Gníomhaíochta na céimeanna a bheidh á nglacadh againn ionas go gcomhlíonfar na geallúintí a thugtar sa Cháirt. Ar na gníomhartha atá i gceist tá rannpháirtíocht na foirne i gceardlanna feasachta i leith seirbhíse do chustaiméirí. Ar na próisis sárchleachtas atá á bhforbairt faoi láthair, tá bunú phainéil chustaiméirí, bunú ghnáis fhoirmiúil chun gearáin a dhéanamh, comhtháthú gníomhartha a bhaineann le seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí le pleananna inmheánacha gnó agus treoir mhaith chleachtas i leith cumarsáide. Anuas air sin tá céimeanna á nglacadh chun feabhas a chur ar chaighdeán na n-áiseanna inár gcuid ionad, ar leas custaiméirí agus foirne ar aon.

Déantar aiseolas ónár gcuid custaiméirí a mhisniú agus tá sé i gceist ag an eagraíocht gnásanna foirmiúla a fhorbairt – suirbhéithe rialta custaiméirí san áireamh – lena chinntiú go mbeidh cur amach againn ar na seirbhísí a bhíonn de dhíth ar ár gcuid custaiméirí.

#### 4.9 Meastóireacht Saothraithe

Tá córas meastóireachta saothraithe againn, faoi stiúir ghrúpa stiúrtha, chun pleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh, ar bhonn timthriallach, ar na príomhchláir thaighde, chomhairleacha agus oiliúna go léir atá

## Teagasc: Ráiteas Straitéise 2005-2007

againn agus chun cultúr meastóireachta a fhorbairt ar fud na heagraíochta. Ar na tionscnaimh mheastóireachta a cuireadh i gcrích le déanaí, bhí athbhreithniú ar shocruithe pleanáil gnó na heagraíochta agus meastóireacht ar shaothrú feirmeacha monatóireachta déiríochta (2001 go 2003). Ar na tionscnaimh atá idir lámha faoi láthair, tá meastóireacht ar an gclár taighde athuirilísithe €32m (2000-2004).

I rith na dtrí bliana atá romhainn amach, tá sé i gceist againn 2-3 cinn de mheastóireachtaí móra agus 4-6 mionstaidéar a dhéanamh ar stráitéisí áirithe sa Ráiteas Straitéise. Leagfaidh na staidéir seo béim faoi leith ar réimsí leathana caiteachais sna cláir thaighde, chomhairleacha, oiliúna agus riaracháin.

Bainfear úsáid as táscairí saothraithe áirithe ar leibhéal na n-aonaid éagsúla ghnó, mar chuid de phróiseas pleanála gnó, chun meastóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar shaothrú na heagraíochta. Cuirfear leis an bpróiseas trí shraith tuarascálacha bainistíochta a fhorbairt chun Creatlach Faisnéise Bainisteoireachta a chur i bhfeidhm.

### 4.10 Oiliúint agus Forbairt Foirne

Mar eagraíocht eolais, aithníonn Teagasc an tábhacht a bhaineann le siorfhorbairt foirne chun dul i ngleic le riachtanais chliant, a bhíonn ag síorathrú. Bunaíodh Aonad Oiliúna agus Forbartha Foirne sa bhliain 2005. Bíonn sé de chúram ar an Aonad monatóireacht agus tacaíocht a chur ar fáil i dtaca leis an gCóras Bainistíochta Saothraithe agus Forbartha (PMDS) agus ceannaireacht agus tacaíocht a thabhairt d'oiliúint agus d'fhorbairt foirne.

Ardán lánoibríoch is ea PMDS anois, a dhéanann freastal córasach ar cheisteanna a bhaineann le forbairt foirne. Sa bhliain 2005, tá béim faoi leith á cur ar nascacht chinnte a chur i gcrích idir príomhchuspóirí bhaill foirne agus cuspóirí phleananna gnó

aonaid bhainistíochta. Cinnteoidh tomhais an Aonad Oiliúna agus Forbartha Foirne. a cuireadh ar bun sa bhliain 2005, go gcuirfear an próiseas cláraithe um oiliúint foirne in oiriúint le dul i ngleic leis na riachtanais fhorbartha a aithnítear tríd an PMDS.

Faoin Straitéis nua um Acmhainní Daonna, déanfar oiliúint agus forbairt foirne a chur chun cinn trí hoiliúint theicniúil agus trí ghníomhaíochtaí fhorbartha foirne, a ndéantar pleanáil agus soláthar orthu ar leibhéal Stiúrthóireachta. Glacfaidh na speisialtóirí sna stiúrthóireachtaí Comhairleacha, Oiliúna agus Forbartha ról tábhachtach i dtaca le hoiliúint agus le tacaíocht theicniúil a chur ar fáil do bhaill foirne a bhíonn ag déileáil leis an bpobal. Bíonn sé de chúram ar an Aonad oiliúint theicniúil i gcoitinne a chomhordú agus oiliúint neamhtheicniúil a sholáthar. Tá sé i gceist ag an Aonad Clár Forbartha Bainistíochta a chur le chéile don eagraíocht, clár ionduchtúcháin foirne a athstruchtúrú agus cumas inmheánach meantóireachta/oiliúna na heagraíochta a fhorbairt, go háirithe i dtaca le tacaíocht IT. Tá an tAonad tiomanta d'úsáid a bhaint as próifíliú inniúlachta chun cur chuige pleanáilte i dtaca le foghlaim fhoirne a éascú.

### 4.11 Bainistíocht Mhaoine Intleachtúla

“Ní mór tráchtálaíocht taighde agus eolais ar leas eacnamaíoch na hÉireann, trí bhainistíocht éifeachtach mhaoine intleachtúla agus trí haistriú teicneolaíochtaí, a bheith ina príomhthosaíocht ag na hinstiúidí ardoideachais agus taighde poiblí agus tá sé den riachtanas go gcruthóidh instiúidí acmhainní láidre chuige seo.” (Forbairt Eacnamaíoch Eolais na hÉireann. Plean Gníomhaíochta na hÉireann um Infheistíocht a Chur Chun Cinn i R&D go dtí 2010. Tuarascáil leis an gCoiste Idir-Roinne ar Eolaíocht, Theicneolaíocht agus Nuálaíocht, 2004).

Cé go bhfuil modhanna seanbhunaithe aistrithe teicneolaíochtaí curtha in áit ag Teagasc cheana féin, tá forbairt á dhéanamh ar shaineolas agus ar acmhainní tráchtálaíochta. Ghlac an eagraíocht le Cód Cleachtais Náisiúnta ICSTI um Bhainistíocht Mhaoine Intleachtúla ó Thaighde Pobal-Mhaoinithe (Forfás, 2004). Chun an Cód Cleachtais a chur i bhfeidhm go hiomlán, ní mór struchtúir agus acmhainní cuí a chur in áit i dtaca le tráchtálaíocht taighde agus le polasaithe cuí a fhorbairt chun luaíochtaí a roinnt.

#### 4.12 Ceangaltais Nuachóirithe

Ceapadh Oifigeach Forbartha Pleanáil Ghnó sa bhliain 2004 chun tosaíochtaí a éiríonn as an gClár Nuachóirithe do Sheirbhís Phoiblí na hÉireann a chur i bhfeidhm. Fréamhaíodh an Clár Nuachóirithe ón Tosaíocht Bainistíochta Straitéise, a cuireadh ar bun sa bhliain 1994. Is iad na cuspóirí a bhaineann leis ná a chinntiú, ar bhonn leanúnach, go ndéanfaidh eagraíochtaí sheirbhíse poiblí:

- tuilleadh ionchuir i bhforbairt náisiúnta;
- seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil don phobal;
- úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní.

Tá Teagasc tiomanta dá chuid struchtúr, áiseanna agus próisis ghnó a nuachóiriú. Tugann na téamaí nuachóirithe a leagadh síos in Inbhuanú Dul Chun Cinn, mar aon le riachtanais fhíoraithe an chomhaontaithe, spreagadh dúinn chun athrú suntasach ceart a chur i gcrích. Anuas ar chuíchóiriú a bheith curtha i gcrích i roinnt ionad, tá dul chun cinn déanta ag Teagasc i dtaca le bainistíocht eagraíochta, le soláthar seirbhísí, le plean gníomhaíochta um sheirbhísí do chustaiméirí a thabhairt isteach, le feabhas a chur ar oibriúcháin fheirme, le struchtúir nua grádála teicneoirí/teicneolaithe, le struchtúir nua compháirtíochta foirme agus le próisis phleanála gnó a chur i bhfeidhm

chun tacú le cultúr rannpháirtíochta. Chomh maith leis sin cuireadh tús le clár bainistíochta rioscaí chun rioscaí a mheas, a aithint, a chainníochtú agus a mhaolú agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu.

Ar na príomhfhorbairtí atá i gceist againn a dhéanamh go ceann trí bliana tá:

- Tuilleadh forbartha ar an bpróiseas pleanála gnó chun tacú le soláthar éifeachtach seirbhísí a dhéanfaidh freastal ar riachtanais ár gcuid cliant.
- Polasaí bainistíochta rioscaí agus gnásanna a fhorbairt ionas go mbeidh bainistíocht éifeachtach rioscaí ina chuid lárnach de phróisis laethúla bhainistíochta ionas go mbeidh sé indéanta saothrú feabhsaithe agus leas eile a sholáthar.
- Creatlach Faisnéise Bainisteoireachta a fhorbairt, trí shonraí ó chórais faisnéise éagsúla bainisteoireachta agus ón gcóras airgeadais a ionchorprú, chun faisnéis bhainisteoireachta a sholáthar do bhainisteoirí ar gach leibhéal, chun cabhrú leo monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar cheangaltais pleananna gnó.
- Úsáid a bhaint as “Treoirínte um Moltaí i dtaca le Breithmheas agus Bainistíocht Chaiteachais Chaipitiúil san Earnáil Phoiblí” chun an úsáid is fearr a bhaint as cistí caipitil.

# 5. Spriocanna agus Straitéisí

## Sprioc 1

### Iomaíocht agus Nuálaíocht i gCúrsaí Talmhaíochta

Béim a leagan ar fhorbairt earnáil iomaíoch, nuálaíoch thalmhaíochta a mbeidh fócas aici ar thómhaltóirí.

## Sprioc 2

### Iomaíocht, Nuálaíocht, Sábháilteacht agus Cáilíochta i mBia

Tacú le forbairt earnáil iomaíoch nuálaíoch bhia, dírithe ar an margadh, go háirithe i dtaca le 'hearnáil na mbianna sláintiúla', chun ardchaighdeán cáilíochta agus sábháilteachta a chomhlíonadh.

## Sprioc 3

### Córais Inbhuanaithe Talmhaíochta

Córais talmhaíochta agus táirgthe bia a fhorbairt, a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, leas ainmhithe, sábháilteacht cheirde agus timpeallacht na hoibre de.

## Sprioc 4

### Inmharthanacht Tuaithe

Forbairt gheilleagar bríomhar tuaithe a chur chun cinn, trí chur le cumas acmhainní daonna teaghlaigh feirme agus trí bhonn láidir eolais eolaíoch a chur ar fáil d'fhorbairt pholasaithe talamhbhia.

## Sprioc 5

### Cumas Oibriúcháin agus Nuachóirithe

Acmhainní daonna agus fisiceacha agus cumas oibriúcháin na heagraíochta a fhorbairt chun seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí agus chun polasáí Rialtais agus rialúcháin chorparáidigh i leith nuachóiriú seirbhísí poiblí a chur i bhfeidhm.



## Sprioc 1: Iomaíocht agus Nuálaíocht i gCúrsaí Talmhaíochta

Béim a leagan ar fhorbairt earnáil iomaíoch, nuálaíoch thalmhaíochta a mbeidh fócas aici ar thómhaltóirí.

*Cuirfidh Teagasc straitéisí taighde, comhairle, oideachais agus oiliúna i bhfeidhm chun cur le forbairt buntalmhaíochta – gairneoireacht agus foraoiseacht san áireamh.*

*Leagfar béim, sna straitéisí taighde, ar ghiniúint eolais eolaíoch agus teicneolaíochtaí do réimse leathan fiontar feirme chun táirgeacht níos fearr a chur i gcrích, chun costais táirgthe a laghdú agus chun luach méadaithe ionchur a chur i gcrích.*

*Leagfar béim, sna straitéisí comhairle, ar aistriú teicneolaíochtaí costas-laghdaithe agus gormphriontaí táirgthe ó thaighde agus ó chleachtas nua-aimseartha bainistíocht feirme go dtí earnáil an fheirmeoireacht tráchtála.*

*Cuirfear cúrsaí oiliúna gairmscoile agus tríú leibhéal ar fáil chun scileanna sárchleachtas, i dtaca le feirmeoireacht nua-aimseartha, a thabhairt d'iontrálaithe óga talmhaíochta.*

Uimhir	Gníomh Straitéiseach	Táscaire Saothraithe
<b>Comhairleach</b>		
1.1	Suas le 110 comhairleoir a shannadh i gclár sainiúil fhiontar gnó agus teicneolaíochta ag freastal ar tuairim is 10,000 feirmeoir	■ Líon comhairleoirí sa tseirbhís teicneolaíochta/ghnó.
1.2	Comhchlár lárchúrsa tionscail, pléghrúpaí agus feirmeacha monatóireachta, mar aon le teagmháil chomhairleach fheabhsaithe i dtaca le sárchleachtas feirme i ngach Aonad Bainistíochta Ceantair agus i gceantair an chláir chomhairligh.	■ Líon comhchlár, feirmeacha monatóireachta, pléghrúpaí.
1.3	Suas le 10,000 ag baint úsáide as an gcóras faisnéise bainisteoireachta, córas bainistíochta Chónaidhm Thógála Eallaigh na hÉireann (ICBF) san áireamh, as monatóir ríomh-bhrabúis agus as pleanálaí rialúcháin chostais.	■ Líon cliant a chuireann monatóirí ríomh-bhrabúis i gcrích agus líon cliant a chláraíonn ar shuíomh eolas bainistíochta Teagasc/ICBF.

Uimhir	Gníomh Straitéiseach	Táscaire Saothraithe
1.4	Cuspóirí Plean Gnó na Seirbhíse Comhairlí a chur chun cinn i measc cliant agus i measc an phobail trí shraith 100 teagmhas/gníomhaíocht a réachtáil.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Líon teagmhas poiblí agus foilseachán.</li> </ul>
1.5	Cumas 5,000 feirmeoir a fhorbairt chun sárchleachtas a chur i bhfeidhm i dtaca le leas ainmhithe, le sláinteachas bia agus le bithshlándáil faoi mar is gá chun trasghéilliúntas AE a chur i gcrích.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Líon teagmhais fheasachta agus líon feirmeoirí ag freastal orthu.</li> <li>Líon cúrsaí oiliúna á réachtáil.</li> <li>Líon cliant ag baint úsáide as suíomh gréasáin Dearbhú Bia Teagasc.</li> </ul>
<b>Oiliúint d'Fheirmeoirí Aosacha</b>		
1.6	Réimse cúrsaí creidiúnaithe oiliúna bia a chur ar fáil do bhuntáirgeoirí agus d'earnáil tionscal an bhia.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Réimse cúrsaí forbartha agus curtha ar fáil.</li> <li>Líon rannpháirtithe.</li> <li>Líon daoine ag fáil dámhachtainí.</li> <li>Leibhéal trasghéilliúntais i dtaca le dearbhú bia.</li> </ul>
<b>Forbairt Foraoiseachta/ Ghairneoireachta/Mhuc</b>		
1.7	Taighde Foraoiseachta: Taighde a dhéanamh chun forbairt a dhéanamh ar theicneolaíochtaí tanaithe, sábhála agus margáochta chun cleachtais foraoiseachta a aimsiú, a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an chomhsaoil de agus taitneamhach ó thaobh na sochaí de.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cáilíocht agus cainníocht fhoilseachán eolaíoch agus tuarascálacha.</li> <li>Maoiniú iomaíoch faighte.</li> <li>Costas/tairbhe taighde bunaithe ar mheastóireacht fhoirmiúil tionscnamh agus clár.</li> </ul>

Uimhir	Gníomh Straitéiseach	Táscaire Saothraithe
1.8	Comhairle/Oiliúint Fhoraoiseachta: Tacú le forbairt fhoraoiseacht feirme agus í a chur chun cinn mar fhiontar inmharthana inbhuanaithe feirme	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Líon daoine ag glacadh páirte i siúlóidí foraoise, i gcúrsaí oiliúna agus i dtráthnónta eolais i leith foraoiseachta.</li> <li>■ Feabhas curtha ar cháilíocht fhoraoiseacha feirme.</li> <li>■ Líon agus heicteáir fhoraoiseacha feirme bunaithe ar bhon bliantúil.</li> <li>■ Leibhéal comhtháthaithe idir fhoraoiseacht Teagasc, REPS agus cláir eile.</li> </ul>
1.9	Clár taighde muc a chur i gcrích chun cur le cumas iomaíochta agus le héifeachtacht ar leibhéal na feirme, chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar luach táirgí agus, ag an am céanna, chun drochthionchar ar bith ar an gcomhshaol a laghdú agus chun leas muc a chosaint i ndianchórais.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Líon aschuir thaighde (páipéir eolaíoch mheasúnaithe, léirithe comhdhála, tuarascálacha eile)</li> <li>■ Gormphriontaí forbartha i leith shárchleachtais i mbainistíocht aonaid táirgthe muc.</li> <li>■ Anailís déanta ar shonraí faoi chostas táirgthe in aonaid mhuc chun tagarmharcáil inmheánach agus idirnáisiúnta a éascú.</li> </ul>
1.10	Taighde a dhéanamh ar ghlasraí, ar bheacáin, ar thorthaí agus ar stoc plandlainne trí húsáid a bhaint as ionchuir íosta, as I.C.M.S. (Córas Cómhtháthaithe Bainisíochta Barr) agus as teicnící forleata chun plandaí sláintiúla agus táirgí ardchaidheáin a sholáthar.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Líon gormphriontaí curtha ar fáil.</li> <li>■ Méid iontógála ón tionscal.</li> <li>■ Líon saothróirí ag úsáid I.C.M.S.</li> <li>■ Líon tascanna taighde curtha i gcrích.</li> </ul>

Uimhir	Gníomh Straitéiseach	Táscaire Saothraithe
1.11	Seirbhísí foraoiseachta, muc agus gairneoireachta a athstruchtúró i dtrí aonad nua forbartha, ag comhtháthú comhairle, taighde agus oiliúna i struchtúir éagsúla bhainistíochta roimh dheireadh na bliana 2005.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Líon foirne tráchtearraí curtha ar bun.</li> <li>■ Líon cliant faoi chonradh.</li> </ul>
<b>Oideachas agus Oiliúint</b>		
1.12	Forbairt a dhéanamh ar réimse cúrsaí cáilíocht-dearbhairthe breisoideachais agus ardoideachais agus iad a chur ar fáil do 800 fágálaí scoile gach bliain.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Réimse cúrsaí forbartha agus curtha ar fáil.</li> <li>■ Líon rannpháirtithe.</li> <li>■ Líon daoine ag fáil dámhachtainí.</li> </ul>
1.13	Oideachas agus oiliúint talmhaíochta a chur chun cinn agus gairmthreoir chuí a chur ar fáil.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Líon daoine ag glacadh páirte.</li> <li>■ Méid teagmhas gairme.</li> <li>■ Líon daoine ag freastal ar theagmhais ghairme.</li> <li>■ Leibhéal géilliúna do pholasaí NQAÍ ar ionrochtaineacht, ar aistriú agus ar dhul chun cinn.</li> </ul>
1.14	40 moladh Fóram Athbhreithnithe Teagasc i leith Sholáthar Oideachais agus Oiliúna a chur i bhfeidhm roimh dheireadh na bliana 2006.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Céatadán Moltaí de chuid an Fóram Athbhreithnithe curtha i bhfeidhm.</li> </ul>

Uimhir	Gníomh Straitéiseach	Táscaire Saothraithe
<b>Taighde Talmhaíochta</b>		
1.15	55 tionscnamh taighde a thosú agus a chur i gcrích (25 eolaí-bhliain) chun eolas nua a chur ar fáil agus chun teicneolaíochtaí agus córais a fhorbairt chun cumas iomaíochta earnáil an bheostoic a neartú.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Céatadán tionscnaimh thaighde curtha i gcrích.</li> <li>■ Líon foilseachán eolaíoch agus tuarascálacha.</li> <li>■ Líon gormphriontaí táirgthe.</li> </ul>
1.16	20 tionscnamh taighde a thosú agus a chur i gcrích (10 eolaí-bhliain) chun eolas nua a chur ar fáil agus chun teicneolaíochtaí agus córais a fhorbairt chun cumas iomaíochta barra curaíochta bia agus fuinnimh a neartú.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Céatadán tionscnaimh thaighde curtha i gcrích.</li> <li>■ Líon foilseachán eolaíoch agus tuarascálacha.</li> <li>■ Líon paitinní agus cearta póraitheoirí.</li> <li>■ Líon gormphriontaí táirgthe.</li> </ul>
1.17	11 tionscnamh taighde a thosú agus a chur i gcrích (7 eolaí-bhliain) chun leas a bhaint as forbairtí sna bitheolaíochtaí chun iomaíocht agus nuálaíocht a spreagadh san earnáil talmhaíochta.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Céatadán tionscnaimh thaighde curtha i gcrích.</li> <li>■ Líon foilseachán eolaíoch agus tuarascálacha.</li> </ul>
1.18	Eolas nua a chur ar fáil (19 tionscnamh, 6 eolaí-bhliain) chun anailís agus teilgean éifeachtaí dearbhathruithe agus athruithe atá beartaithe ar mhargaí agus i bpolasaithe ar leibhéal náisiúnta, earnála, feirme agus teaghlaigh a éascú agus chun comhairle thaighde-bhunaithe a chur ar fáil do lucht cumtha polasaithe i dtaca le roghanna nua polasáí.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Céatadán tionscnaimh thaighde curtha i gcrích.</li> <li>■ Líon foilseachán eolaíoch agus tuarascálacha.</li> <li>■ Líon cruinnithe treoracha do cheannairí gnó agus do lucht cumtha polasaithe.</li> </ul>

Uimhir	Gníomh Straitéiseach	Táscaire Saothraithe
1.19	Suirbhé bliantúil a dhéanamh ar fheirmeacha in Éirinn (3 eolaí-bhliain) ionas go mbeifear in ann anailís a dhéanamh ar fiontair in Éirinn agus comparáid a dhéanamh idir feirmeacha Éireannacha agus feirmeacha i dtíortha eile de chuid an AE.	<ul style="list-style-type: none"><li>■ Tuarascálacha ar shuirbhéanna.</li><li>■ An méid leasa a bhaineann Teagasc agus comhlachtaí eile as sonraí sna suirbhéanna chun anailís a dhéanamh ar shaothrú comparáideach feirmeacha agus fiontair fheirme.</li><li>■ Líon cruinnithe treoracha d'fheirmeoirí, do cheannairí gnó agus do lucht cumtha polasaithe i leith na talmhaíochta in Éirinn.</li></ul>
1.20	Clár forghníomhach aistriú teicneolaíochtaí ó thaighde go dtí an tSeirbhís Chomhairleach agus go dtí an tionscal (5 eolaí-bhliain) a chur i gcrích.	<ul style="list-style-type: none"><li>■ Líon cúrsaí oiliúna do chomhairleoirí.</li><li>■ Líon laethanta oscailte, ceardlann agus siompósiam don tionscal.</li><li>■ Líon foilseachán poiblí.</li><li>■ Líon tuarascálacha cinn tionscnaimh.</li><li>■ Líon dlútheagrán teicniúil.</li></ul>

## Spríoc 2: Iomaíocht, Nuálaíocht, Sábháilteacht agus Cáilíocht i mBia

Tacú le forbairt earnáil iomaíoch nuálaíoch bhia, dírithe ar an margadh, go háirithe i dtaca le 'hearnáil na mbianna sláintiúla', chun ardchaighdeáin cáilíochta agus sábháilteachta a chomhlíonadh.

*Cuirfidh Teagasc straitéisí i bhfeidhm, thar réimse ábhair eolaíochta agus teicneolaíochta i dtaca le tionscal an bhia, go háirithe le comhábhair bhia, feola agus déiríochta agus le sábháilteacht bhia.*

*Cuirfear seirbhís aistriúcháin teicneolaíochtaí agus cúrsaí oiliúna ar fáil do thionscal an bhia, mar ghné riachtanach de na straitéisí taighde.*

Uimhir	Gníomh Straitéiseach	Táscaire Saothraithe
<b>Taighde Bia</b>		
2.1	Tionscnaimh thaighde a thosú agus a chur i gcrích chun cáilíocht agus nuálaíocht táirgí i dtionscal bia na hÉireann a neartú.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Céatadán tionscnaimh shonraithe thaighde curtha i gcrích.</li> <li>■ Cáilíocht agus cainníocht fhoilseachán eolaíoch agus tuarascálacha.</li> </ul>
2.2	Tionscnaimh thaighde a thosú agus a chur i gcrích chun leas a bhaint as forbairtí teicneolaíochta agus bitheolaíochta chun nuálaíocht a spreagadh i mbianna feidhmiúla.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Líon paitinní.</li> <li>■ Líon trialacha feidhme/treoirbhailmheas curtha i gcrích.</li> </ul>
2.3	Tionscnaimh thaighde a thosú agus a chur i gcrích le tuiscint ar éilimh agus ar riachtanais tomhaltóirí a chur ar fáil chun nuálaíocht agus iomaíocht a threorú.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Líon táirgí/próiseas tairgthe don tionscal.</li> <li>■ Maoiniú iomaíoch faighte.</li> <li>■ Líon tuarascálacha agus foilseachán eolaíoch agus teicniúil.</li> </ul>
2.4	Tionscnaimh thaighde a thosú agus a chur i gcrích i dtaca le sábháilteacht mhicreabhithéolaíoch agus cheimiceach tháirgí bia Éireannacha.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Maoiniú tionscail faighte.</li> <li>■ Líon tuarascálacha agus foilseachán eolaíoch agus teicniúil.</li> </ul>

Uimhir	Gníomh Straitéiseach	Táscaire Saothraithe
2.5	Clár forghníomhach aistriú teicneolaíochtaí agus comairle go dtí comhlachtaí bia Éireannacha agus go dtí comhlachtaí rialúcháin a chur i gcrích.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Méid taighde, coimisiúnaithe ag an tionscal, gearrtha sa sonrasc.</li> <li>■ Líon laethanta oscailte, ceardlann agus siompósiam don tionscal.</li> <li>■ Iontógáil taighde i gcomhthéacs gníomhaíochta tráchtála de thoradh an taighde.</li> <li>■ Líon táirgí ar bhain an tionscal triail astu ar an margadh.</li> <li>■ Líon SME bia ar tugadh cúnamh dóibh.</li> <li>■ Líon cáipéisí craobhscaoilte.</li> <li>■ Líon cúrsaí oiliúna creidiúnaithe ar bhonn náisiúnta.</li> <li>■ Céatadán cúrsaí sonraithe curtha ar siúl.</li> <li>■ Líon daoine ag freastal ar chúrsaí.</li> <li>■ Aiseolas ó chustaiméirí.</li> <li>■ Méid seirbhísí gearrtha sa sonrasc.</li> </ul>
<b>Oiliúint agus Comhairliúchán Bia</b>		
2.6	Cúrsaí oideachais agus oiliúna a fhorbairt agus a chur ar fáil, creidiúnaithe ar bhonn náisiúnta, d'earnáil an bhia agus do chomhlachtaí rialúcháin.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Líon cúrsaí oiliúna, creidiúnaithe ar bhonn náisiúnta.</li> <li>■ Líon cúrsaí curtha ar siúl.</li> <li>■ Líon daoine ag freastal ar chúrsaí.</li> <li>■ Aiseolas ó chustaiméirí.</li> </ul>
2.7	Seirbhísí speisialaithe anailíseacha comhairliúcháin a chur ar fáil chun sábháilteacht bhia, iomaíocht agus nuálaíocht a chinntiú.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Méid seirbhísí gearrtha sa sonrasc.</li> </ul>



### Spríoc 3: Córais Inbhuanaithe Talmhaíochta

Córais talmhaíochta agus táirgthe bia a fhorbairt, a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, leas ainmhithe, sábháilteacht cheirde agus timpeallacht na hoibre de.

*Cuirfear straitéisí sonracha taighde agus comhairliúcháin ar bun chun an spríoc seo a chur i gcrích. Spreagfaidh agus aistroidh na straitéisí taighde eolas nua eolaíoch agus teicneolaíochtaí go dtí an earnáil talmhaíochta agus cabhróidh siad le feirmeoirí a gcuid feirmeoireachta a dhéanamh ar leas an chomhshaoil, cuirfidh siad caomhnú an tírdhreach tuaithe chun cinn, cuirfidh siad feabhas ar leas ainmhithe feirme agus cabhróidh siad chun timpeallacht shábháilteach shláintiúil oibre a chur ar fáil.*

*Cuirfear straitéisí comhairliúcháin ar bun chun cabhair a thabhairt i dtaca le feirmeoireacht inbhuanaithe a fhorbairt trí sheirbhís phleanála agus taca REPS a chur ar fáil, mar aon le bainistíocht chothaitheach agus le seirbhísí bainistíochta dramhaíl feirme, agus le haistriú teicneolaíochtaí ó thaighde.*

*Cuirfear san áireamh, i gcúrsaí oiliúna Teagasc, sárchleachtas i dtaca le sábháilteacht cheirde, le leas ainmhithe agus le cleachtais inbhuanaithe feirmeoireachta ó thaobh an chomhshaoil de.*

Uimhir	Gníomh Straitéiseach	Táscaire Saothraithe
<b>Comhairleach</b>		
3.1	Seirbhís phleanála REPS a chur ar fáil do 20,000 feirmeoir.	■ Líon cliaint Teagasc ag glacadh páirte i gclár REPS.
3.2	Seirbhísí pleanála i leith bainistíocht chothaitheach agus dramhaíl feirme a chur ar fáil do 500 feirmeoir chun feirmeoireacht inbhuanaithe agus trasghéilliúntas a chinntiú.	■ Líon pleananna i leith bainistíocht chothaitheach agus dramhaíl feirme curtha i gcrích.
3.3	Feasacht i dtaca le riachtanais agus le sárchleachtas maidir le sábháilteacht feirme a mhéadú i gcás 6,000 rannpháirtí REPS, 1,200 feirmeoir tráchtála agus 3,000 feirmeoir eile.	■ Líon rannpháirtithe i gcúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus roinnt gníomhaíochtaí chun feasacht a chruthú curtha ar siúl.

Uimhir	Gníomh Straitéiseach	Táscaire Saothraithe
<b>Oideachas agus Oilúint</b>		
3.4	A chinntiú go soláthrófar réimse modúl creidiúnaithe d'iontrálaithe óga agus d'fheirmeoirí aosacha, ina measc: an comhshaol, leas ainmhithe agus sábháilteacht agus sláinte cheirde.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Réimse clár curtha ar fáil.</li> <li>■ Líon rannpháirtithe.</li> <li>■ Líon daoine ag fáil dámhachtainní.</li> <li>■ Leibhéal trasghéilliúntais i dtaca le comhshaol, le leas ainmhithe agus le sláinte agus sábháilteacht cheirde.</li> </ul>
<b>Taighde Talmhaíochta</b>		
3.5	Eolas nua a bhunú chun cleachtas táirgeacht inbhuanaithe talmhaíochta a chur i bhfeidhm agus chun timpeallacht na tuaithe a chaomhnú (18 tionscnamh taighde, 13 eolaí-bhliain).	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Céatadán tionscnaimh taighde curtha i gcrích.</li> <li>■ Líon foilseachán eolaíoch agus tuarascálacha.</li> <li>■ Iontógáil taighde bunaithe ar fheabhas curtha ar an timpeallacht.</li> <li>■ Gormphriontaí nua táirgthe.</li> <li>■ Céatadán tionscnamh maoinithe go hiomaíoch.</li> <li>■ Líon páipéir pholasaí forbartha agus aistriú go lucht cumtha polasaithe.</li> </ul>
3.6	Taighde a dhéanamh chun leas feabhsaithe ainmhithe a chur chun cinn (5 tionscnamh taighde, 2 eolaí-bhliain).	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Céatadán tionscnaimh taighde curtha i gcrích.</li> <li>■ Líon foilseachán eolaíoch agus tuarascálacha.</li> <li>■ Iontógáil taighde mar fheabhsuithe leas ainmhithe.</li> <li>■ Céatadán tionscnaimh taighde maoinithe go hiomaíoch.</li> <li>■ Líon páipéir pholasaí forbartha agus aistriú go lucht cumtha polasaithe.</li> </ul>

Uimhir	Gníomh Straitéiseach	Táscaire Saothraithe
3.7	Straitéisí a fhorbairt chun feabhas a chur ar tháirgeacht saothair agus ar choinníollacha oibre ar fheirmeacha (2 taighde, 1 eolaí-bhliain).	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Céatadán tionscnaimh thaighde curtha i gcrích.</li> <li>■ Líon foilseachán eolaíoch agus tuarascálacha.</li> <li>■ Líon gormphriontaí táirgthe.</li> </ul>
3.8	Clár forghníomhach aistriú teicneolaíochtaí ó thaighde go dtí an tSeirbhís Chomhairleach agus go dtí an tionscal.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Líon cúrsaí oiliúna do chomhairleoirí.</li> <li>■ Líon laethanta oscailte, ceardlann agus siompósiam don tionscal.</li> <li>■ Aiseolas ó thionscal.</li> <li>■ Líon foilseachán poiblí.</li> <li>■ Líon tuarascálacha cinn tionscnaimh.</li> <li>■ Líon dlútheagrán teicniúil.</li> </ul>
3.9	Seirbhísí teicneolaíocha agus anailíseacha a chur ar fáil do thionscal an talamhbhia agus d'úsáideoirí eile.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Réimse seirbhísí curtha ar fáil.</li> <li>■ Téarnamh costas ó úsáideoirí seirbhísí.</li> </ul>

## Sprioc 4: Inmharthanacht Tuaithe

Forbairt gheilleagar bríomhar tuaithe a chur chun cinn, trí chur le cumas acmhainní daonna teaghlaigh feirme agus trí bhonn láidir eolais eolaíoch a chur ar fáil d'fhorbairt pholasaithe talamhbhia.

*Is éard a bheidh mar aidhm sna straitéisí taighde ná anailís a dhéanamh ar threochtaí agus ar athruithe i gceantair thuaithe. ar thionchar polasaithe forbartha tuaithe agus ar an méid a dhéanann earnáil an talamhbhia ar son gheilleagar na tuaithe.*

*Mar chuid de na straitéisí comhairleacha, cuirfear seirbhís anailíse roghanna ar fáil chun cabhrú le feirmeoirí dul i dtaithí ar na hathruithe a mbíonn tionchar acu orthu agus roghanna agus modhanna a aithint i leith inmharthanachta, uchtú fiontar éagsúlaithe eile san áireamh.*

*Cuirfear seirbhís oiliúna d'aosaigh ar fáil chun tacú le gach gné den tseirbhís chomhairleach d'fheirmeoirí.*

Uimhir	Gníomh Straitéiseach	Táscaire Saothraithe
<b>Comhairleach</b>		
4.1	Cabhrú le 15,000 teaghlach feirme dul i dtaithí ar athruithe.	■ Líon rannpháirtithe i gClár Anailíse Roghanna.
4.2	500 teaghlach feirme a chumasú sa chaoi go mbeidh siad in ann glacadh le deiseanna éagsúlaithe agus le fiontair fhorlónacha eile.	■ Líon feirmeoirí ag freastal ar chúrsaí oiliúna i dtaca le fiontair fhorlónacha a mbíonn poitéinseal saothraithe ag baint leo.
4.3	Inrochtaineacht éasca a chur ar fáil do níos mó ná 1,000 feirmeoir páirtaimseartha ar theagmais ghrúpa de chuid na Seirbhísí Comhairleacha.	■ Líon teagmhas/cúrsaí curtha ar fáil taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre.
<b>Oiliúint d'Fheirmeoirí Aosacha</b>		
4.4	Cúrsaí oiliúna a fhorbairt agus a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais fheirmeoirí páirtaimseartha agus oibrithe.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Réimse cúrsaí forbartha agus curtha ar fáil.</li> <li>■ Líon rannpháirtithe ar chúrsaí ríomh-fhoghlama.</li> <li>■ Líon daoine ag fáil dámhachtainní.</li> </ul>

Uimhir	Gníomh Straitéiseach	Táscaire Saothraithe
4.5	Éagsúlacht deiseanna éagsúla a fhorbairt agus a chur chun cinn – capaill spóirt, feirmeoireacht orgánach agus fiontair fhorlónacha eile san áireamh.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Líon daoine ag freastal ar chúrsaí oiliúna nó a bhfuil monatóireacht á déanamh orthu.</li> <li>■ Iontógáil fhiontar forlónach.</li> </ul>
4.6	Deiseanna foghlama fadsaoil do theaghlaigh feirme agus do chónaitheoirí tuaithe a chur ar fáil.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Réimse cúrsaí oiliúna forbartha agus curtha ar fáil.</li> <li>■ Líon rannpháirtithe.</li> <li>■ Líon daoine taifeadta ar an AMS agus ag fáil dámhachtainní.</li> </ul>
<b>Taighde Forbartha Tuaithe</b>		
4.7	Taighde a dhéanamh (9 tionscnamh, 4 eolaí-bhliain) chun bonn straitéiseach eolais a chur ar fáil chun tacú le hinmharthanacht leanúnach cheantair thuaithe agus le bunú fiontar ionadúil agus deiseanna fostaíochta i gceantair thuaithe.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Céatadán tionscnaimh thaighde curtha i gcrích.</li> <li>■ Líon foilseachán eolaíoch agus tuarascálacha.</li> <li>■ Méid maoinithe iomaíoch faighte.</li> <li>■ Líon roghanna polasaí forbartha agus aistriú go lucht cumtha polasaithe.</li> </ul>

## Spríoc 5: Cumas Oibriúcháin agus Nuachóirithe

Acmhainní daonna agus fisiceacha agus cumas oibriúcháin na heagraíochta a fhorbairt chun seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí agus chun polasaí Rialtais i leith nuachóiriú seirbhísí poiblí agus rialúcháin chorparáidigh a chur i bhfeidhm.

*Is éard a bheidh i gceist sa mhéid seo ná tuilleadh forbartha a dhéanamh ar fhoireann agus ar acmhainní fisiceacha na heagraíochta, ar a cuid córais bhainistíochta airgeadais, ar chórais ICT agus ar réimse eile seirbhísí bainistíochta inmheánaí agus eolais de chuid na heagraíochta.*

*Chun an spríoc seo a bhaint amach, tá Teagasc tiomanta do straitéisí a chur i gcrích, a mbeidh baint acu le clár nuachóirithe na seirbhísí poiblí chun bainistíocht fheabhsaithe eagraíochta a chur ar bun chun seirbhísí ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí. Déanfar meastóireacht ar ghéilliúntas don Chód Cleachtais um Rialúchán Comhlachtaí Stáit ag gach leibhéal den eagraíocht agus tógfar céimeanna ar bith a mbeidh gá leo.*

Uimhir	Gníomh Straitéiseach	Táscaire Saothraithe
5.1	Leanúint le cur i bhfeidhm na Straitéise um Acmhainní Daonna.	<ul style="list-style-type: none"> <li>An Lámhleabhar Foirne a bheith foilsithe roimh lár 2005.</li> <li>Próifílí inniúlachta a fhorbairt do réimsí móra fostaíochta roimh lár 2006.</li> <li>Boird agallaimh a bheidh ann tar éis Eanáir 2006 a bheith oílte go hiomlán i meastóireacht inniúlachta.</li> <li>Clár tacaíochta d'fhostaithe a bheith insuite roimh dheireadh 2005.</li> <li>Monatóireacht agus tuarascáil ráithiúil ar shonraí tábhachtacha a bheith insuite roimh dheireadh 2005.</li> </ul>
5.2	Cur chuige rannpháirteach a bhunú chun comhaontú foirne/bainistíochta a bhaint amach i dtaca le cúrsaí eagraíochta.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Oibriúchán sásúil leanúnach Choiste ghníomhach Náisiúnta Comhpháirtíochta.</li> </ul>
5.3	Clár phróiseas gnó um fheabhsú acmhainní daonna a chur ar bun agus córas HRIT a fhorbairt.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Críoch a bheith curtha le hanailís ar phróisis tábhachtacha ghnó agus le haithint riachtanais mhóra ghnó agus, dá thoradh sin, ullmhúchán a bheith déanta</li> </ul>

Uimhir	Gníomh Straitéiseach	Táscaire Saothraithe
		<p>ar iarraidh ar thairiscintí roimh dheireadh 2005.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Comhtháthú próisis fheabhsaithe ghnó leis an gcóras HRIT de réir mar a bhíonn na codanna á gcur i bhfeidhm le linn 2006 agus 2007.</li> </ul>
5.4	An clár nuachóirithe a chur chun cinn trí chomhaontú a fháil ar na Pleananna Gníomhaíochta faoi Inbhuanú Dul Chun Cinn.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Pleananna curtha i bhfeidhm, tuarascálacha curtha i gcrích agus fíorúchán sásúil a bheith déanta in am.</li> <li>Cruinnithe rialta ag an ngrúpa ceardchumann agus cruinnithe treoracha do bhainisteoirí.</li> </ul>
5.5	An córas airgeadais, Integra, a uasghrádú agus úsáid bhreise a bhaint as an gcóras i dtaca le bainistíocht na heagraíochta.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Córas cuntasafóchta uasghrádaithe go Integra 3 roimh dheireadh 2007.</li> <li>Córas párolla nuachóirithe faoi choimirce chóras nua HRIT roimh dheireadh 2006.</li> </ul>
5.6	Rialacháin agus Treoracha chun Rialachas Corporáideach a chur i bhfeidhm.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tuarascálacha sásúla ón C&amp;AG ar leibhéal domhghéilliúntais.</li> <li>Aschuir déanta faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí gach uile bhliain.</li> <li>Méid de chlár iniúchta inmheánaigh a bhíonn curtha i bhfeidhm de réir mar atá comhaontaithe faoin bPlean Iniúchta Inmheánaigh.</li> <li>Tuarascáil leathbhliantúil leis an Údarás i dtaca le clár bainistíochta rioscaí.</li> </ul>

## Teagasc: Ráiteas Straitéise 2005-2007

Uimhir	Gníomh Straitéiseach	Táscaire Saothraithe
5.7	Buiséad bliantúil a chur i bhfeidhm i dtaca le clár oiliúna agus forbartha foirne ar fud na heagraíochta, bunaithe ar riachtanais aitheanta i PMBS.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Pleananna oiliúna foirne ar fud na heagraíochta a bheith forbartha agus curtha i bhfeidhm gach uile bhliain.</li> <li>An céatadán úsáide a bhaintear as buiséad bliantúil oiliúna foirne.</li> </ul>
5.8	Bonneagar láidir ICT, ag baint úsáide as comhábhar caighdeán tionscail, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Athshuíomh freastalaithe go hionad sonraí tríú páirtí roimh lár 2005.</li> <li>Réimse leathan uasghrádaithe líonra curtha i gcrích roimh dheireadh 2005.</li> <li>Tionscnamh bonneagair curtha i gcrích roimh dheireadh 2006.</li> </ul>
5.9	Dóthain tacaíocht ICT do bhaill foirne, ag baint úsáide as feidhmchláir reatha agus thodhchaí, a chinntiú.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Asfhoinsiú ar thacaíocht úsáideoirí, ar aon dul le bonneagar nua curtha i bhfeidhm i 2005 agus i 2006.</li> </ul>
5.10	Leanúint le foirbairt ár gcórais ICT ar aon dul le Straitéis ríomh-Rialtais.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Feidhmchláir thábhachtacha curtha ar fáil de réir an Phlean ICT.</li> </ul>
5.11	Leanúint le forbairt ár bpróiseas pleanála agus ár gCreathlach Faisnéise Bainisteoireachta.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Céatadán pleananna gnó curtha i gcrích in am.</li> <li>Creathlach Faisnéise Bainisteoireachta réidh agus curtha i bhfeidhm roimh dheireadh 2006.</li> </ul>
5.12	Leanúint le cur i bhfeidhm clár inmheánach meastóireachta.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Plean meastóireachta réidh in am.</li> </ul>



Uimhir	Gníomh Straitéiseach	Táscaire Saothraithe
5.13	Leanúint le Tosaíocht Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a chur i bhfeidhm.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Céimeanna gníomhaíochta sa Phlean Gníomhaíochta Seirbhísí do Chustaiméirí réidh in am.</li> <li>Géilliúntas do cheangaltais don Cháirt Chustaiméirí Teagasc de réir mar a cuireadh in iúl i suirbhéanna custaiméirí.</li> </ul>
5.14	Tacaíocht um sheirbhísí tacaíochta i leith bhainisteoireacht taighde a chur ar fáil agus córas bainistíochta um mhaoin intleachtúil a fhorbairt.	<ul style="list-style-type: none"> <li>An córas faisnéise Bainisteoireacht Taighde nuashonraithe roimh dheireadh 2006.</li> <li>Polasaí um maoin intleachtúil, de réir Cód Cleachtais ICSTI, curtha i bhfeidhm ar fud na heagraíochta roimh dheireadh 2006.</li> </ul>
5.15	Clár cuimsitheach seirbhísí Chaidrimh Phoiblí agus Chumarsáide do Chustaiméirí a chur ar fáil.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Suíomh gréasáin uasghrádaithe roimh lár 2006.</li> <li>Líon preaseisiúintí/foilseachán eisiithe agus méid clúdaigh sna meáin.</li> <li>Líon foilseachán nua in aghaidh na bliana.</li> </ul>
5.16	Clár iniúchta inmheánaigh a chur i bhfeidhm.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Scála agus méid den chlár curtha i bhfeidhm de réir an phlean,</li> </ul>
5.17	Clár seirbhísí leabharlainne a chur i bhfeidhm.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Téacs-inrochtaineacht iomlán ar líne d'iriseoirí ar fáil d'fhoireann de réir an chláir.</li> </ul>
5.18	Clár bliantúil tógála a chur i bhfeidhm de réir an bhuiséid atá ar fáil.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Clár pleanáilte bliantúil curtha i gcrích agus taobh istigh den bhuiséad.</li> </ul>

# 6. Príomh-Nascachtaí

## 6.1 Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais

### 6.1.1 An Roinn Talmhaíochta agus Bia

Beidh Teagasc ag obair i gcomhpháirt leis an Roinn lena chinntiú go ndéanann a chlár gníomhachtaí freastal ar riachtanais na hearnála, go mbeidh sé ag feidhmiú de réir polasaithe rialtais i gcoitinne, agus, go háirithe, de réir polasaithe an Roinn Talmhaíochta agus Bia, faoi mar atá leagtha síos ina Ráiteas Straitéise.

### 6.1.2 Ranna Rialtais Eile

Baineann sainordú Teagasc le réimsí a bhíonn clúdaithe ag roinnt ranna éagsúla rialtais. Leanfar le hidirchaidreamh agus le gnáthchaidreamh leis na ranna sin chun cur chuige comhsheasmhach éifeachtach a chinntiú agus chun forluí i réimsí comhleasa a sheachaint. Ar na ranna atá i gceist tá: Oideachas agus Eolaíocht; Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta; Fiontar; Trádáil agus Fostaíocht; Comhshaol; Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil.

### 6.1.3 Gníomhaireachtaí Rialtais

Tá sainorduithe, a bhfuil baint acu leis an obair seo, ag roinnt gníomhaireachtaí Rialtais eile. Orthu seo tá Bord Bia, FÁS, HETAC, FETAC, Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí, an tÚdarás um Shábháilteacht Bia, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Fiontar Éireann agus an tÚdarás um Chosaint Comhshaoil. Déanfaimid idirchaidreamh agus

comhoibriú leis na gníomhaireachtaí seo, de réir mar is gá agus is cuí.

## 6.2 An tAontas Eorpach

Leanfar leis an ionchur atá againn le tosaíochtaí AE agus déanfar é a neartú a fhad agus is féidir. Leanfaimid san iomaíocht, ach go háirithe, chun conarthaí a fháil faoin gCreatlach agus faoi chlár thaighde agus fhorbartha eile. Bíonn se d'aidhm ag polasaithe taighde AE gníomhaíochtaí comhoibríthe agus comhordaithe a neartú ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach sna Bailistáit. Tá an Pobal tiomanta don choincheap "Réimse Taighde Eorpach" (ERA) a fhíorú trí feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus chomhordú na gclár thaighde náisiúnta ar fud na hEorpa. Is é príomhchuspóir an tSéú Clár Creatlaigh ná ionchur a bheith aige i gcruithé ERA. Faoin Séú Clár Creatlaigh, agus Faoin Seachtú Clár, atá molta, tá sé i gceist ag an gCoimisiún leanúint le sprioc comhaontaithe na hEorpa, 3% de GDP ar R&D, a infheistiú roimh an mbliain 2010. I mí Iúil 2004, foilsíodh Plean Gníomhaíochta na hÉireann chun an sprioc seo a bhaint amach. Tá Teagasc lántiomanta a dhícheall a dhéanamh chun sprioc na hÉireann a bhaint amach.

## 6.3 Nascachtaí Idirnáisiúnta Eile

Is den riachtanas rannpháirtíocht ghníomhach a bheith ag eagraíocht ar bith i bpobail idirnáisiúnta eolaíoch a chun cur amach a fháil ar fhios gnótha. Mar eagraíocht bheag, tuigeann Teagasc an

tábhacht a bhain le punann láidir teagmhálacha agus líonraí idirnáisiúnta a chothabháil. Shíníomar roinnt comhaontuithe déthaobhacha le hinstitiúidí ar fud an domhain agus d'oibríomar go díograiseach chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa domhan mór eolaíochta agus fiontair. Bhí tábhacht mhór ag baint leis na teagmhálacha seo, sa mhéid is gur chinntigh siad go mbeadh ionrochtaineacht luath ag Éirinn ar fhorbairtí tábhachtacha eolaíochta agus teicneolaíochta thar lear. Déanfar ár gcuid comhaontuithe déthaobhacha taighde a neartú agus déanfar forbairt ar nascachtaí nua ar leas ár gcuid oibre agus ar leas an tionscail.

## 6.4 Institiúidí Breisoideachais in Éirinn

D'fhorbraíomar líonra leathan idirchaidrimh fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil lenár gcuid contrapháirtithe sna hollscoileanna agus sna hinstitiúidí teicneolaíochta. Glacann Scéim Comhaltachta Walsh ról tábhachtach i dtaca leis an idirchaidreamh seo a chothú. Oibríonn an dá ionad bia i gcomhpháirt le UCC, le UCD agus le hinstitiúidí eile chun cláir thaighde bia, faoi stiúir an Roinn Talmhaíochta agus bia, a chur i bhfeidhm.

I láthair na huairé tá coláistí Teagasc agus coláistí príobháideacha, maoinithe ag Teagasc, ag obair i gcomhpháirt le seacht gcinn d'institiúidí teicneolaíochta chun 11 clár tríú trí leibhéal a chur ar fáil suas go dtí leibhéal gnáthchéime. Cabhraíonn na nascachtaí seo chun an úsáid is fearr a bhaint as inniúlachtaí lárnacha na n-institiúidí comhpháirtreacha agus chun deis a thabhairt do mhic léinn dul ar aghaidh chuig céim ardleibhéil.

Leanfaimid orainn ag cruthú comhpháirtíochtaí le hInstitiúidí Ardoideachais chun mais chriticiúil a bhaint amach i réimsí tábhachtacha agus chun comhoibriú éifeachtach agus soláthar feabhsaithe seirbhísí a bhaint amach. Coinneoidimid Scéim Comhaltachta Walsh ag an leibhéal ar a bhfuil sí faoi láthair, ach

leathnóimid a scóip chun tuilleadh disciplíní neamhthraidisiúnta talmhaíochta a thabhairt ar bord. Le cead ón Roinn Talmhaíochta agus Bia, ní fada go gcuirfimid tús le Scéim Iardhochtúireachta do suas le deichniúr comhaltáí. Cuirfimid cainteanna ar bun le hOllscoileanna Éireannacha chun tuilleadh líonraí comhoibrithe a chruthú i dtaca le comhshálathar taighde, oideachais/oiliúna agus seirbhísí forbraíochta.

## 6.5 Comhlachtaí Ionadaíochta Tionscail

Leanfar le hidirchaidreamh leis na comhlachtaí éagsúla a dhéanann ionadaíocht ar ár bpáirtithe leasmhara sna hearnálacha talamhbhia. Forbrófar agus neartófar na grúpaí oibre éagsúla tráchtearraí, a dhéanann ionadaíocht ar pháirtithe leasmhara agus ar fhoireann, ionas go mbeidh siad rannpháirteach i bhforbairt agus i monatóireacht cláir ghinearálta taighde, oideachais/oiliúna agus aistriú teicneolaíochtaí i dtaca lena gcuid réimsí tráchtearraí féin.

## 6.6 Comhchláir le Lucht Tionscail

Táimid ag oibriú i gcomhpháirtíocht leis na gnónna móra talmhaíochta go léir chun comhchláir forbartha a chur i bhfeidhm. Leagann na cláir seo béim faoi leith ar fheabhas a chur ar éifeachtacht táirgthe agus ar cháilíocht táirgí de réir riachtanais an mhargaidh. Cuireann an chomhpháirtíocht comhchlár le hiomlannú éifeachtach acmhainní foirne agus cuireann sí maoiniú ar fáil chun foireann bhreise a iomlannú. Leanfaimid orainn ag cuartú deiseanna chun comhpháirtíocht le lucht tionscail a leathnú.

## 6.7 Gníomhaireachtaí Forbartha Áitiúla

Bímid ag comhoibriú agus ag tacú le Gníomhaireachtaí Forbartha Réigiúnacha agus Áitiúla chun forbairtí nua a chur i bhfeidhm i gceantair thuaithe. Bíonn baint ag cuid mhór díobh seo le hearnáil an talamhbhia agus comhlánaíonn siad ról Teagasc. Cuireann saineolas ár bhfoirne go mór le hobair na ngníomhaireachtaí seo ar bhealach fíorthábhachtach. Cuireann an gaol láidir oibre deiseanna ar fáil dúinn chun tosaíochtaí forbartha a spreagadh chun tacú lenár ról agus chun cur leis an éileamh ar ár gcuid seirbhísí comhairle agus oiliúna.

## 6.8 Nascachtaí Thuaidh-Theas

Forbróimid agus cothóimid comhoibriú le gníomhaireachtaí forbartha an talamhbhia i dTuaisceart na hÉireann i dtaca le cúrsaí a bhaineann le dhá chuid an oileáin. Leagfar béim speisialta ar réimsí comhoibrithe atá aitheanta ag an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas um Chúrsaí Talmhaíochta. Leanfaimid leis na cainteanna atá ar siúl i láthair na huair le hInstitiúid Taighde Talmhaíochta Thuaisceart Éireann i dtaca le comhaontú a fhorbairt i leith comhoibriú taighde. Coinneofar teagmháil leanúnach leis na comhlachtaí taighde, forbartha agus oiliúna talamhbhia eile agus bainfear leas as deiseanna comhoibrithe ar bith a bheadh ar ár gcomhleas.

# 7 ■ Cur i bhFeidhm, Monatóireacht agus Tuairisciú

Déanann lucht bainistíochta Teagasc comhthuarascáil leis an Stiúrthóir i sé cinn de stiúrtóireachtaí, i.e. Seirbhísí Comhairleacha, an Roinn Oiliúna agus Forbartha, Taighde Talmhaíochta, Taighde Bia, Riarachán agus Seirbhísí Bainisteoireachta. Déantar cúram chur i bhfeidhm an Ráiteas Straitéise a roinnt ar bhonn an struchtúr bainisteoireachta seo. Déanann gach ceann de na stiúrtóireachta faoi seach a chuid cúraimí a a roinnt ar a chuid aonaid ghnó.

Is iad ullmhúchán agus monatóireacht pleananna gnó an mheicníocht a úsáidtear chun an Ráiteas Straitéise a chur i bhfeidhm. Déantar plean gnó gach stiúrtóireachta a ullmhú i gcomhairle leis an bhfoireann agus déantar é a chomhaontú leis an Stiúrthóir ina dhiaidh sin. Déanann bainisteoirí líne agus foirne gach stiúrtóireachta pleananna na n-aonaid ghnó a ullmhú ar an mbealach céanna agus iad a chomhaontú leis an gceann stiúrtóireachta ina dhiaidh sin.

Tá mionchoigeartú agus feabhsú leanúnach á ndéanamh ar an bpróiseas pleanála gnó, ar cuireadh tús leis sa bhliain 2002. Ceapadh ball foirne sa bhliain 2004 chun tuilleadh forbartha a stiúradh agus a éascú.

Bíonn sé d'aidhm ag an bpróiseas pleanála gnó féachaint chuige go ndéantar tarmilgean eagraíochtúil an Ráiteas Straitéise a chur i bhfeidhm agus, anuas air sin, bíonn sé d'aidhm aige cuspóirí gnó Sonracha, Intomhaiste, Comhaontaithe, Réalaíochta, Uainithe (SICRU) a chinntiú. Téann pleananna gnó i bhfeidhm ar bhaill foirne mar phróifíilí oibre tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin (CBFG). Déanann sé seo nasc díreach idir obair gach ball foirne agus cur i bhfeidhm na straitéise eagraíochtúla.

Imreoidh an Coiste Comhpháirtíochta Náisiúnta ról lárnach maidir le tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm na straitéise, trí fhorbairt a dhéanamh ar chaidreamh idir lucht bainistíochta, ceardchumann agus foireann. Cothóidh sé comhpháirtíocht in obair laethúil gach ball foirne agus forbróidh se tosaíochtaí chun cur le caidreamh feabhsaithe fostaithe.

Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar chur i bhfeidhm an Ráiteas Straitéise. Oibríonn Teagasc roinnt córas tábhachtach chun eolas riachtanach bainisteoireachta a chur ar fáil. Rinneadh nuashonrú ar chóras airgeadais na heagraíochta (Integra) chun monatóireacht dul chun cinn i leith táscairí saothraithe a chur i gcrích. Forbraíodh an Córas Faisnéise Bainisteoireachta Cliant (CFBC) mar chóras breise, anuas ar Integra, agus tá sé á chur i bhfeidhm go hiomlán sa tseirbhís chomhairleach. Rinneadh nuashonrú ar an gCóras Bainisteoireachta um Oideachas Aosach (CBOA) agus ar an gCóras Bainisteoireachta Oideachais (CBO) ionas go mbeidís in ann tacú le soláthar seirbhísí agus le tuairisciú bainisteoireachta. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an gCóras Faisnéise Bainisteoireachta Taighde (CFBT) chun réiteach a fhorbairt, maidir le cumas feabhsaithe chun tionscnaimh thaighde a bhainistiú, chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i gcrích táscairí saothraithe agus chun ailíniú le hIntegra a neartú. Chomh maith leis sin, imreoidh an córas acmhainní daonna, ar ról tábhachtach i dtaca le dáileadh acmhainní ar na cláir éagsúla atá idir lámha.

Go ceann dhá cheann nó trí cinn de bhlianta, beidh Teagasc ag iarraidh spriocanna, a leagan síos don Státseirbhís i “dTionscnamh-Phlean an Chreatlach Faisnéise Bainisteoireachta 2004-2006.”

## Teagasc: Ráiteas Straitéise 2005-2007

Is iad seo a leanas gnéithe lárnacha an chreatlaigh:

- **Suiteáil Chóras Airgeadais:** Is córas airgeadais MIF-ghéilliúil é Integra.
- **Táscairí Saothraithe:** Is é an próiseas pleanála gnó a chuireann na táscairí saothraithe ar bun. Tá próiseas athbhreithnithe leanúnach ar bun lena chinntiú go mbeidh siad seo SICRU.
- **Creatlach Costála:** Ní mór obair shuntasach a dhéanamh chun creatlach costála a bhunú, a chuirfidh dáileadh costais san áireamh ar bhonn cláir, tionscnaimh agus ionad costais, agus a éascóidh athbhreithniú saothraithe.
- **Tuaraisciú Bainisteoireachta:** Ní mór athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar thuaraisciú bainisteoireachta chun úsáid a bhaint as infheistíochtaí i gcórais airgeadais agus as creathlach an táscaire saothraithe chun cabhrú le bainisteoirí monatóireacht agus barr feabhais a chur ar bhainisteoireacht acmhainní agus cinneacháin.

Cuirfear spriocanna agus straitéisí an Ráiteas Straitéise seo san áireamh sna cláir thaighde, chomhairle, oideachais agus oiliúna, a chuirfear faoi bhráid an Roinn Talmhaíochta agus Bia gach bliain. Is éard a bhíonn sa Tuarascáil Bhliantúil, don Aire Talmhaíochta agus Bia, ná athbhreithniú ar an dul chun cinn a bhaintear amach i dtaca le cur i bhfeidhm na straitéise agus na spriocanna seo.

AGUISÍN

1

Léarscáil d'Ionaid Teagasc

- Príomh-Oifig
- ▼ Ionad Forbartha
- ▲ Ionad Taighde Bia
- Ionad Taighde Talmhaíochta
- Oifig Chomhairleach Áitiúil
- Stáisiún Taighde
- ▲ Coláiste Teagasc
- ▲ Coláiste Príobháideach









## NÓTAÍ

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---


---

---

---

---





teagasc

AGRICULTURE AND FOOD DEVELOPMENT AUTHORITY

Oakpark, Co. Carlow.  
Tel: 059 917 0200 Fax: 059 918 2097  
Email: [info@hq.teagasc.ie](mailto:info@hq.teagasc.ie) [www.teagasc.ie](http://www.teagasc.ie)

